


# Tuarascáil Bhliantúil 2024



kcetb
Bord Oideachais agus Oiliúna Chill Chainnigh agus Cheatharlach
*Kilkenny and Carlow Education and Training Board*



# Clár an Ábhair


| | |
|---|---|
| Brollach | 02 |
| Comhaltaí Bhord Oideachais agus Oiliúna Chill Chainnigh agus Cheatharlach | 04 |
| Ár Misean | 06 |
| Ár bhFís | 06 |
| Ár gCroíluachanna | 06 |
| Fórléargas ar Sheirbhísí | 08 |
| Struchtúr Eagrúcháin | 10 |
| Cuspóirí Straitéiseacha | 12 |
| Rialachas Corparáideach | 18 |
| Tuarascálacha Stiúrthóireachta | 28 |
| An Stiúrthóireacht Scoileanna | 28 |
| An Stiúrthóireacht Breisoideachas agus Oiliúna | 38 |
| An Stiúrthóireacht um Thacaíocht & Forbairt Eagraíochta (TFE) | 44 |

# Brollach



**An Comhairleoir Andrea Dalton**
Cathaoirleach



**Pauline Egan**
Príomhfheidhmeannach (gníomhach)

Cúis áthais do Bhord Oideachais agus Oiliúna Chill Chainnigh agus Cheatharlach (BOOCCC) a Thuarascáil Bhliantúil 2024 a chur i láthair. Sa tuarascáil seo déantar cur síos ar an raon cuimsitheach gníomhaíochtaí atá curtha i gcrích ag scoileanna, ionaid agus seirbhísí BOOCCC le 12 mhí anuas. Tá faisnéis le fáil sa tuarascáil freisin maidir le rialachas corparáideach agus feidhmeanna airgeadais BOOCCC don tréimhse idir an 1 Eanáir agus an 31 Nollaig 2024. I dteannta a chéile, d'oibrigh an bord agus an fhoireann feidhmiúcháin le chéile chun na forbairtí a rinneadh i scoileanna, breisoideachas agus oiliúint, agus tacaíocht eagraíochta, in 2024 a threorú go héifeachtach.

In 2024, thug BOOCCC faoi roinnt imeachtaí chun léargas a thabhairt ar an raon fairsing cúrsaí oideachais agus oiliúna a chuirtear ar fáil sa dá chontae agus ghlac sé páirt in imeachtaí náisiúnta trí Bhoird Oideachais agus Oiliúna Éireann (BOOÉ). Reáchtáladh Siompóisiam Éitis a raibh 13 dár scoileanna páirteach ann mar chuid de cheiliúradh bliantúil BOOÉ. Chruthaigh agus léirigh na 13 scoil gnéithe dá n-éiteas scoile féin mar chuid de léargas iontach ar bharr feabhais pobail agus acadúil. I measc na n-imeachtaí eile a reáchtáladh i rith na seachtaine BOO bhí ceardlann breisoideachais agus oiliúna do threoirchomhairleoirí agus imeacht ceiliúrtha d'fhoghlaimeoirí aosaigh.

I mbliana mar chuid de cheiliúradh náisiúnta Sheachtain BOO fiafraíodh dínn céimí de chuid BOO Chill Chainnigh agus Cheatharlach a ainmniú a rabhamar den tuairim a rinne ionadaíocht ar na gnéithe is fearr dár gcuid oibre, don ghradam náisiúnta seo. Cúis áthais dúinn Vicky Phelan a ainmniú, iarmhac léinn de chuid Choláiste Cois Siúire, a chaith tamall ag staidéar in Ollscoil Luimnigh. Bronnadh BA sa Léann Eorpach uirthi agus MA i mBainistíocht Oideachais ina dhiaidh sin in SETU. Roghnaíomar Vicky mar fhaighteoir an ghradaim de bhrí gur leag sí an-bhéim ar oideachas ina saol féin agus thagair sí di féin mar fhoghlaimeoir ar feadh an tsaoil go minic. Chreid sí gur chuir oideachas ar a cumas seasamh suas do na rudaí ar chreid sí iontu. Bhí sí láidir, diongbháilte, misniúil agus neamheaglach

le linn di a bheith sa tóir ar an bhfírinne a bhain leis an scannal faoi na smearthaí ceirbheacs. Thug sí guth do go leor daoine eile agus táimid an-bhródúil as an méid a rinne sí do dhaoine eile agus as a hoidhreacht. Creidimid gur léirigh sí ar gach bealach ár dtuiscint go bhfuil an chumhacht ag foghlaim saol daoine a athrú agus pobail a fhorbairt. Rinne Vicky an méid sin agus neart eile i rith a saoil agus táimid bródúil go rabhamar páirteach i gcuid dá haistir.

Lean ár rolluithe scoile ar aghaidh ag fás arís i mbliana agus tá 5,417 mac léinn ag freastal ar ár scoileanna agus mhéadaigh ár bhfigiúirí breisoideachais agus oiliúna go dtí 16,330 i mbliana. Ar an gcuma chéanna, lean dhá cheann dár dtionscadail ghlúin an cheoil ar aghaidh leis na seirbhísí atá á gcur ar fáil acu do dhaoine óga sa dá chontae a fhorbairt. Leanadh ar aghaidh le raon iomlán gníomhaíochtaí seach-churaclaim a chur ar fáil arís i mbliana agus d'éirigh thar cionn le mic léinn i gcúrsaí spóirt, drámaíochta, díospóireachta in go leor réimsí eile a chuir le heispéireas foghlama iomlánaíoch ár gcuid mac léinn. Táimid faoi chomaoin ár mball foirne ar fad as an obair mhór atá déanta acu chun freastal ar dhúshláin laethúla agus chun tacú le riachtanais ár mac léinn i scoileanna agus in ionaid.

Lean obair rialachais chorparáidigh na heagraíochta le baill foirne ag tacú le seachadadh ár gceanglas reachtúil i ndáil lenár bPlean Seirbhíse, Ráiteas Airgeadais Bhliantúil agus Tuarascáil Bhliantúil. Síníodh cuntais 2023 i rith 2024 agus tá sé beartaithe tús a chur le hiniúchadh OARCC ar an 15 Iúil 2025. Mar chuid den Tionscadal Seirbhísí Comhroinnte do BOOnna, bhaineamar úsáid as an gcóras airgeadais nua SUN agus as córais P2P CRD, córais a sholáthair acmhainn feabhsaithe do bhainistíocht agus do chomhlíonadh airgeadais ar fud BOO. I mbliana thugamar faoi shraith tuarascálacha maidir le bail foirgnimh agus iniúchtaí fuinnimh chun cabhrú linn pleananna a dhéanamh do bhreis inbhuanaitheachta. Chuireamar Creat um Ghníomhú ar son na hAeráide faoi bhráid ÚFIÉ. Mar eagraíocht, tacaímid le cultúr foghlama do chách agus i mbliana leanamar ar aghaidh le feasacht a mhúscailt i measc ball foirne agus foghlaimeoirí faoin gcaoi is féidir linn ar fad athruithe a dhéanamh chun tacú leis an ngníomhú ar son na haeráide.

Leanadh ar aghaidh ag obair ar Champas Scoileanna Chill Chainnigh agus shíneadh suntasach agus ar thionscadail athchóirithe i scoileanna agus in ionaid. Suiteáladh ARS nua i Scoil Aireagail, agus leanadh ar aghaidh ag obair ar chóiríocht bhreise a sholáthar do Choláiste Mhuire, Gaelcholáiste Cheatharlach agus Coláiste Eoin leis an Roinn Oideachais. I rith 2024 ceannaíodh láithreán chun dlús a chur le Coláiste na Todhchaí FET i gCill Chainnigh agus leanadh ar aghaidh ag obair ar chás ghnó don Choláiste FET seo. Soláthróidh an tionscadal suaitheanta seo príomháiseanna chun freastal ar riachtanais scileanna an réigiúin sna blianta amach romhainn. Leanadh ar aghaidh leis an obair athchóirithe ar Choláiste Ormonde agus táthar ag leanúint ar aghaidh le hobair ullmhúcháin chun Ionad Eachaíochta an Ghrianáin a uasghrádú.

I mbliana tháinig deireadh le téarma oifige bhord agus choistí BOOCCC agus leis na boird bhainistíochta. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis na baill uile as an treoir agus an tacaíocht a thug siad dár gcuid oibre le 5 bliana anuas. Táimid faoi chomaoin ag na daoine ar fad as a ndíograis agus as an spéis a léirigh siad san obair oideachais atá á déanamh againn inár scoileanna agus coláistí, ionaid bhreisoideachais agus ardoideachais, ár seirbhísí óige agus pobail, agus ár gcláir oideachais cheoil.

Tá an t-ádh orainn go bhfuil bord tiomanta agus foireann dhíograiseach againn a thacaíonn le agus a chuireann ár gcuid oibre chun cinn le chéile. Mar eagraíocht foghlama, táimid tiomanta do thorthaí foghlama ar ardchaighdeán dár mic léinn agus tuigimid go bhfuil an chumhacht ag foghlaim chun saol daoine a athrú agus chun pobail a fhorbairt. Táimid faoi chomaoin ag ár mbaill bhoird, ceannairí agus baill foirne as a ngairmiúlacht agus díograis i rith na bliana. Tá ár mic léinn ag croílár ár gcuid oibre agus seo a leanas an uaillmhian atá againn dóibh ar fad - *Déan Dul Chun Cinn trí bheith ag Foghlaim le BOOCCC.*

# Baill de Bhord Oideachais agus Oiliúna Chill Chainnigh agus Cheatharlach

## Eanáir go Meitheamh

| Ainm | Ainmniúchán |
|---|---|
| Adrienne Wallace | Comhairle Contae Cheatharlach |
| Andrea Dalton | Comhairle Contae Cheatharlach |
| Thomas Kinsella | Comhairle Contae Cheatharlach |
| Caitlín Mhic Cárthaigh | Conradh na Gaeilge |
| Clare Ryan | Comhchoiste na mBainisteoirí |
| Deirdre Cullen | Comhairle Contae Chill Chainnigh |
| Tomas Breathnach | Comhairle Contae Chill Chainnigh |
| Eamonn Doheny | Ionadaí Tuismitheoirí |
| John Hurley | Comhlachais Éireann |
| Fergal Browne | Comhairle Contae Cheatharlach |
| Fidelis Doherty | Comhairle Contae Chill Chainnigh |
| Ger Frisby | Comhairle Contae Chill Chainnigh |
| Laura Conheady | Ionadaí foirne |
| Mary Hilda Cavanagh | Comhairle Contae Chill Chainnigh |
| Matthew Kenny | Ionadaí foirne |
| Michael Delaney | Comhairle Contae Chill Chainnigh |
| Noel Phelan | ÁNLA |
| Patrick O’Neill | Comhairle Contae Chill Chainnigh |
| Peter Cleere | Comhairle Contae Chill Chainnigh |
| Carmel Boyle | Institiúid Aíochta na hÉireann |

## Lúnasa go Nollaig

| Ainm | Ainmniúchán |
|---|---|
| Fergal Browne | Comhairle Contae Cheatharlach |
| Andrea Dalton | Comhairle Contae Cheatharlach |
| Thomas Kinsella | Comhairle Contae Cheatharlach |
| Daniel Pender | Comhairle Contae Cheatharlach |
| Jenny Catt Slattery | Comhairle Contae Chill Chainnigh |
| Mary Hilda Cavanagh | Comhairle Contae Chill Chainnigh |
| Peter Cleere | Comhairle Contae Chill Chainnigh |
| Deirdre Cullen | Comhairle Contae Chill Chainnigh |
| Maria Dollard | Comhairle Contae Chill Chainnigh |
| Joe Malone | Comhairle Contae Chill Chainnigh |
| Joe Sheridan | Comhairle Contae Chill Chainnigh |
| Maurice Shortall | Comhairle Contae Chill Chainnigh |
| Jacqueline Sheil | Ionadaí foirne |
| Seán Lawlor | Ionadaí foirne |
| Ger Long | Ionadaí Foirne - Fireann |
| Ann Penfold | Ionadaí Foirne - Baineann |
| Clare Ryan | Comhchoiste na mBainisteoirí |
| Sarah Millea | Cónaidhm Óstán Éireann |
| David Denieffe | AONTAS, THEA |
| Kathryn Wall | Obair d’Ógra Éireann |
| Madailín Mhic Lochlainn | Gaeloideachas |



# Ár Misean, Ár bhFís, Ár mBunluachanna

# Ár Misean

Cur ar chumas mac léinn barr a gcumais a bhaint amach trí oideachas agus páirt a ghlacadh sa saol inár gceantar féin den tír.

# Ár bhFís

Forbairt deiseanna oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán ar fud Chill Chainnigh agus Cheatharlach a threorú, oibriú le foghlaimeoirí agus le pobail ag gach céim den fhoghlaim ar feadh an tsaoil.

# Ár mBunluachanna

Is é BOOCCC an soláthraí oideachais, oiliúna agus oibre don óige is mó i gCill Chainnigh agus Ceatharlach. Tuigimid an tábhacht a bhaineann lenár ról sa phobal agus tuigimid an fhreagracht atá orainn seirbhísí ar ardchaighdeán a chur ar fáil. Tá ár gcuid oibre bunaithe ar ár gcroíluachanna:

## Luach na Foghlama
Tá luach ag baint le foghlaim agus tá an mac léinn ag croílár ár gcuid oibre. Creidimid go bhfuil an chumhacht ag foghlaim chun saol daoine a athrú agus chun pobail a fhorbairt.

## Barr Feabhais an Aidhm
Tá sé mar aidhm againn barr feabhais a bhaint amach inár seirbhísí ar fad. Tacaímid le cultúr d'fheabhas leanúnach inár scoileanna, ionaid agus ar fud ár seirbhísí.

## Caidreamh a Fhorbairt
Forbraímid caidreamh atá comhoibritheach agus measúil le daoine eile. Tuigimid go bhfuil ról lárnach ag obair le chéile sa rath a bheidh orainn.

## Tacú le hOscailteacht
Táimid cuntasach do dhaoine eile agus tacaímid le hoscailteacht agus le trédhearcacht. Tá a fhios againn, mar chomhlacht poiblí, nach mór dúinn ardchaighdeáin a chomhlíonadh.

## Feabhsú Pobail
Tuigimid an ról atá againn mar sholáthraí seirbhísí laistigh dár bpobal. Is eagraíocht foghlama muid agus cuirimid obair i gcrích chun tacú lenár bpobal trí sheirbhísí oideachais, oiliúna agus tacaíochta.



# Forléargas ar Sheirbhísí

## Léargas Ginearálta ar Sheirbhísí

**€100 milliún**
Buiséad Bliantúil

**5,417**
Mic Léinn

**15**
Iar-Bhunscoil/ Treasscoil

**Bhord Oideachais agus Oiliúna Chill Chainnigh agus Cheatharlach**


**€10 milliún**
Tionscadail Chaipitil

**16,330**
Foghlaimeoirí

**1,419**
Foirne

**30**
ionad Breisoideachais agus Oiliúna

# Léarscáil Thíreolaíoch de BOO Chill Chainnigh agus Cheatharlach





- Cláir Oideachais do Dhaoine Fásta
- Cúrsaí Iar-Ard-Teistméireachta
- Seirbhísí Oiliúna (Printíseacht, Oiliúnacht agus Oiliúint Scileanna ar Leith)Local Training Initiative
- Tionscnamh Oiliúna Áitiúil
- Ionaid Oiliúint an Phobail
- Ógtheagmháil
- Oifigí BOOCCC
- Scoileanna

# Struchtúr Eagraíochta

Tá feidhmeannas ag tacú le bord BOOCCC, atá freagrach as cur chun feidhme beartais, bainistíochta laethúla agus feidhmeanna nach bhfuil forchoimeádta don bhord, mar atá mínithe in Alt 12 *d'Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013.*

Tá BOOCCC ag feidhmiú in dhá chontae - Cill Chainnigh agus Ceatharlach - agus tá a cheannoifig i gCeatharlach agus tá oifig riaracháin eile i gCill Chainnigh.

Tá foireann bainistíochta BOOCCC á stiúradh ag an bpríomhfheidhmeannach agus ag triúr stiúrthóirí - Stiúrthóir Scoileanna, Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna, agus Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta






# Cuspóirí Straitéiseacha

# Cuspóirí Straitéiseacha BOOCCC 2022-2026

**CUSPÓIR 1:**
Caighdeáin teagaisc, foghlama agus seachadta seirbhíse ardchaighdeáin a chur chun cinn, ag glacadh le modheolaíochtaí nua agus cuir chuige nuálaíocha.

**CUSPÓIR 2:**
Ár dtionchar a thógáil, ár seirbhísí a chur chun cinn agus ár raon a mhéadú, rud a fhágann gurb é BOOCCC an rogha cáilíochta.

**CUSPÓIR 3:**
Cumas ceannaireachta ár bhfoirne a thógáil trí cultúr a chur chun cinn um *fhoghlaim do chách* i BOOCCC.

**CUSPÓIR 4:**
Eagraíocht láidir, tréan a thógáil a bhfuil cumas agus acmhainneacht aici.

**CUSPÓIR 5:**
Comhoibriú lenár gcomhpháirtithe, ag tógáil fianaise agus léargais don treo amach anseo agus samhlacha nua seachadta seirbhíse.

# Progress Report

## 1 Caighdeáin Teagaisc, Foghlama agus Cháilíochta

### Teagasc agus Foghlaim ar Ardchaighdeán

- Cláir FGL maidir le Prionsabail Magenta agus Cleachtas Athchóiritheach curtha ar fáil – d'fhreastail 27 múinteoir ar chúrsa athnuachana Magenta, agus d'fhreastail 35 múinteoir ar chúrsa faoi chleachtas athchóiritheach
- Reáchtáladh an t-imeacht TeachMeet, deis chun dea-chleachtas a roinnt, ar an 6 Meán Fómhair agus bhí 336 duine i láthair
- Cuireadh an clár ionduchtaithe do mhúinteoirí nua mar cheannairí múinteoirí sa seomra ranga ar fáil do 46 múinteoirí.

### Foghlaim Ionchuimsitheach

- Gach scoil atá páirteach i soláthar Mapála RSO
- FGL CRSO ar siúl go leanúnach le ranganna breise RSO curtha ar fáil
- Ciste do Chláir FET do Mhic Léinn faoi Mhíchumas rollta amach
- Éascaitheoir Oideachais Pobail ag tacú le hionaid BO

### TFC a Chur Chun Cinn

- FGL leanúnach chun tacú le TFC sa teagasc agus san fhoghlaim
- Forbairt ar siúl go leanúnach chun pleananna ríomhfhoghlama scoileanna a nuashonrú de réir straitéis dhigiteach nua
- Ríomhphunanna curtha ar fáil chun críche measúnaithe
- Tús curtha le clár treasach sa TFC

### Féinmheastóireacht agus Dearbhú Cáilíochta

- Ghlac gach scoil páirt i bhféinmheastóireacht agus leanadh ar aghaidh ag obair ar mholtaí
- Creat rialachais DC i bhfeidhm
- Reáchtáladh sé chruinniú CMDC, agus seachadadh gníomhartha
- Seachadadh plean gníomhaíochta ag eascairt as Tuarascáil athbhreithnithe thosaigh a cuireadh ar fáil agus rinneadh monatóireacht ar dhul chun cinn agus cuireadh 70% de na gníomhartha i gcrích
- Athbhreithniú bliantúil ar Chomhaontú Feidhmíochta Straitéiseach le SOLAS agus ag leanúint ar aghaidh le monatóireacht trí Tableau

### Promotion of Well-Being

- Foirne Tréadacha/Cúraim bunaithe i scoileanna
- 400 uair folláine curtha ar fáil i scoileanna do mhic léinn
- Dlús curtha le tuilleadh rolladh amach chun tacú le tionscnaimh inbhuanaitheachta bhliantúla i scoileanna agus le rannpháirtíocht le Clár Take1 & Scoileanna Glasa
- Ghlac Coláiste Tyndall páirt i dtionscadal píolótach CNCM maidir le Forbairt Inbhuanaithe
- Leanadh ar aghaidh le modúil Scileanna Glasa a rolladh amach d'fhoghlaimeoirí agus do bhaill foirne
- Bhí tionscadail nuálacha théamúla ag tacú le cruthaitheacht agus le nuálaíocht

## 2
## Tionchar a Imirt, Dlús a Chur leis an Obair

### Próifíl agus Brandáil

- Gníomhaíochtaí poiblíochta leanúnacha
- Brandáil Choláiste FET rollta amach
- Obair leanúnach ar shuíomh gréasáin BOOCCC/Nuachtlitir Bhliantúil BOOCCC/Grafaicí Eolais agus físeáin chun BOO a chur chun cinn mar phátrún scoile agus mar sholáthraí seirbhíse
- Clár oibre curtha i gcrích don Phlean Gníomhaíochta Bliantúil
- Reáchtáladh dhá imeacht chun aird foghlaimeoirí agus treoirchomhairleoirí Imeachtaí FET a tharraingt ar DEIS
- Sceideal imeachtaí foghlaimeora i.e. Mac Léinn na Bliana agus Taispeántas Printíseachtaí reáchtáilte

### Margaíocht agus Poiblíocht

- Rannpháirtíocht ghníomhach i líonraí réigiúnacha agus áitiúla
- Rannpháirtíocht i Laethanta Oscailte agus Taispeántas Printíseachta reáchtáilte agus 1,200 i láthair
- Cruinnithe ceantair reáchtáilte le Seirbhís Fostaíochta Ceantair Áitiúil nua
- Obair le SARSanna ar siúl chun freagairtí do riachtanais fostóirí áitiúla a fhorbairt
- Córas BCC bunaithe chun rannpháirtíocht fostóirí a rianú

## 3
## Ár mBaill agus Ár bhFoireann

### Pleanáil na Foirne Oibre

- Tacaíocht spriocdhírithe oiliúna agus FGL curtha ar fáil do réimsí ganntanais
- Poist FET bhreise ceadaithe chun dlús a chur le hathrú
- Athchumrú SBAL ceadaithe
- Cúrsaí oiliúna ionduchtaithe nua do chlár foirne curtha ar fáil

### FGL agus Oiliúint Ceannaireachta

- Leanadh ar aghaidh leis an gclár meáncheannaireachta a rolladh amach
- Forbraíodh Pobail Chleachtais go leanúnach ar fud scoileanna agus FET
- Rannpháirtíocht leanúnach agus feabhsaithe in FGL ó ionaid agus seirbhísí scoile
- Cuireadh ceapachán CEF i gcrích atá freagrach as FCT agus FGL
- Cuireadh an sceideal FGL bliantúil i gcrích agus eagraíodh seimineáir do bhaill foirne SBAL

# 4 Ár nEagraíocht

## Rialachas

- Cinntíodh gur comhlíonadh an Córas de Rialú Inmheánach
- Oiliúint leantach i ndáil le hairgeadas agus soláthar
- Cuireadh tús le cúrsaí oiliúna a chur ar fáil dom Mheitheal Chomhionannais agus Chearta an Duine
- Ráiteas críochnaithe agus tús curtha le cúrsaí oiliúna do chur chun feidhme Dhualgas Comhionannais agus Chearta an Duine na hEarnála Poiblí BOOCCC
- Obair déanta ar thaifid phinsin na mball foirne agus tá taifid na scéime pinsean aonair críochnaithe agus tá 79% de thaifid na scéime oidhreachta críochnaithe ar chóras thairseach Core
- Cuireadh ceanglais reachtúla uile BOOCCC ar fáil go tráthúil, lena n-áirítear Plean Seirbhíse, Ráitis Airgeadais Bhliantúla agus Tuarascáil Bhliantúil

## Forbairt Eagraíochta

- Poist nua ceadaithe agus athchumrú SBAL
- Dul chun cinn déanta ar phlean creata eagraíochta
- Ceadanna faighte agus poist uasghrádaithe do phoist FET nua
- Dul chun cinn leanúnach á dhéanamh ar CyberRat agus ar chaighdeáin bhonnlíne
- Iniúchadh ar bhonneagar TFC ar siúl go leanúnach
- Tuarascáil anailíse maidir le lárú freastalaithe áitiúla le críochnú
- Conradh tacaíochta TFC lárnach le bunú do scoileanna agus d'ionaid
- Ascnamh go dtí Néalseirbhís Bainistíochta Priontála
- An córas teileafóin dhigitigh a rolladh amach tuilleadh i scoileanna agus in ionaid
- Nuashonrú ar an gcreat um Ghníomhú ar son na hAeráide curtha i gcrích
- Dlús curtha le gníomhaíochtaí ó iniúchtaí fuinnimh ar shaoráidí BOOCCC agus tá Foirne Glasa le bunú in 2025

## Forbairt Chaipitil agus Tógála

- Táthar ag leanúint ar aghaidh ag obair ar thionscadal Champas Chill Chainnigh i.e. tá suirbhéanna seandálaíochta curtha i gcrích, táthar ag obair ar thairiscint d'oibreacha cumasúcháin, tá réamhcháiliú do chonraitheoir tógála bunaithe
- Táthar ag leanúint ar aghaidh ag obair ar thionscadail i gColáiste Mhuire, Coláiste na Buiríse agus Gaelcholáiste Cheatharlach
- Tá cead faighte chun obair bhreise a dhéanamh i gColáiste Eoin
- Tá an síneadh i Scoil Aireagail curtha i gcrích
- Cuireadh an réamhchás gnó ar fáil agus tá sé ceadaithe do Choláiste na Todhchaí FET
- Láithreán don Choláiste FET faighte
- Togra na saoráidí CC forbartha go dtí RO

# 5
# Comhpháirtíocht agus Nuálaíocht

## Comhpháirtíocht agus Comhoibriú

- Cuireadh oiliúint maidir le Comhairle na Mac Léinn ar fáil do 136 mac léinn i ngach scoil
- Tá Boird Bhainistíochta nua ceaptha
- Cuireadh príomhthosaíochtaí i gcrích a bhain le dlús a chur le hobair óige bhliantúil
- Tá iarratais ar sheirbhísí óige DÁDS próiseáilte agus tá tacaíocht curtha ar fáil dóibh

## Soláthar Nua

- Láithreán faighte agus cás gnó ceadaithe chun leanúint ar aghaidh le Coláiste na Todhchaí FET do Chill Chainnigh trí phróiseas iarratais SOLAS
- Tionscadal Inse an Phuirséalaigh críochnaithe
- Ionad Eachaíochta an Ghrianáin ceadaithe
- Comhordaitheoir treasach ceaptha
- Tús curtha le ceithre chlár threasacha

## Strategic Innovation

- Tionscnamh bunaithe ar chosáin nua d'fhoghlaimeoirí trí Choláiste FET / SDOG
- Togra leanúnach do shamhail lárnach Oifige Iontrála do FET
- Tús curtha leis an tsamhail threasach
- Obair tosaithe ag Teicneoir Tacaíochta TFC
- Tús curtha le cúrsa oiliúna tacaíochta cúraim sláinte



# Rialachas Corparáideach




## Sainordú Reachtach

Bunaíodh BOOCCC faoi *Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013*, agus tá sé freagrach agus cuntasach as treo agus rialú ceart a fheidhmeanna i gceantair údaráis áitiúil Chill Chainnigh agus Cheatharlach.

## Feidhmeanna Bhord BOO

Is feidhmeanna forchoimeádta iad cinntí a dhéanann Bord BOOCCC agus tá siad leagtha amach in Alt 12 (2) d'Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, agus i gCiorcláin 0002/2019 & 0083/2024, an Cód Cleachtais chun Boird Oideachais agus Oiliúna a Rialú, agus tá sceideal iomlán le fáil in Aguisín A den Chód. Meastar gur feidhmeanna feidhmiúcháin don phríomhfheidhmeannach iad cinntí nach bhfuil sonraithe sa Chód. Tá an bord sásta go dtarmligean an príomhfheidhmeannach feidhmeanna más cuí agus de réir *Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013.*

## Cód Cleachtais chun BOOnna a Rialú

Tá an Cód Cleachtais maidir le *Boird Oideachais agus Oiliúna a Rialú, Ciorclán 0002/2019* na Roinne Oideachais a nuashonraíodh i gCiorclán 0083/2024, á chomhlíonadh ag BOOCCC. Is é cuspóir an Chóid a chinntiú go bhfuil prionsabail an dea-rialachais agus na dea-bhainistíochta á gcur chun feidhme ag BOOCCC. Cuireadh beartais agus nósanna imeachta comhlíonta chun feidhme chun a chinntiú go bhfuil an Cód agus treoracha, rialacháin agus dea-chleachtas atá ag teacht chun cinn á gcomhlíonadh.

## Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais

Bunaíodh BOOCCC ar an 1 Iúil 2013 faoi fhorálacha *Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013.* Ceanglaíonn Alt 51 den Acht seo ar an BOO "a choinneáil i gcibé foirm, agus i ndáil le tréimhsí cuntasaíochta dá leithéid, a d'fhéadfadh an tAire Oideachais a cheadú le toiliú an Aire Airgeadais, agus an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead go léir a gheobhaidh sé nó a chaithfidh sé".

Nuair a bheidh na cuntais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar an mbord:

(a) na beartais chuntasaíochta chaighdeánacha a chur i bhfeidhm chun ráitis airgeadais BOO a ullmhú
(b) breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama
(c) aon imeacht ábhartha ó na beartais chuntasaíochta chaighdeánacha a nochtadh agus a mhíniú

Tá Bord BOOCCC freagrach as taifid chuntasaíochta oiriúnacha a choimeád ina nochtar, go réasúnta cruinn aon tráth, a staid airgeadais a chuireann ar a chumas a chinntiú go bhfuil alt 111 d'Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, á chomhlíonadh. Ina theannta sin, tá an Bord freagrach as a shócmhainní a chosaint agus as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Tá an bord den tuairim go léirítear go cuí ioncam agus caiteachas an bhoird agus staid a ghnóthaí sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla.

## Bainistíocht Riosca

Tá Bord BOOCCC i mbun maoirseachta gníomhaí ar bhainistíocht riosca agus deimhníonn sé go ndearna sé measúnú ar na príomhrioscaí, na bearta maolaithe gaolmhara agus go ndearna sé athbhreithniú ar éifeachtacht na mbeart sin in 2023. Chomh maith leis sin, bainistíonn an bord riosca don eagraíocht trí chlár bainistíochta riosca struchtúrtha. Cabhraíonn an Coiste Iniúchta agus Riosca leis chun díriú ar an bhfeidhm bhainistíochta riosca seo. Chomh maith leis sin, braitheann an bord ar an Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí (AII) agus ar a thuarascálacha, maidir le hiniúchadh bliantúil OARCC, agus aon iniúchadh seachtrach cosúil le hiniúchadh CSTE agus/nó iniúchadh na gcoimisinéirí ioncaim. Lena chois sin, déantar athbhreithniú ar rialuithe inmheánacha ar bhonn bliantúil.

Is mír sheasta ar chlár gach cruinnithe boird í Bainistíocht Riosca agus tá an méid seo a leanas san áireamh sna rudaí a bhreithnítear:

- Tuarascálacha riosca ón mbainistíocht shinsearach lena n-áirítear an Príomhoifigeach Riosca (POR)
- Tuarascálacha an Choiste Iniúchta agus Riosca
- Athruithe ar rátálacha riosca
- Clár Iniúchta

Tá sonraí maidir le príomhrioscaí agus bearta nó straitéisí maolaithe gaolmhara curtha san áireamh in RRI mar chuid de na ráitis airgeadais iniúchta. Foilseofar iad seo laistigh de mhí i ndiaidh iad a fháil ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus mar aguisín le Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh

## Córas de Rialú Inmheánach

Deimhníonn an bord go ndearnadh athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais de rialú inmheánach agus go bhfuil an Ráiteas faoin Rialú Inmheánach, atá faoi réir athraithe go dtí go gcuirtear an t-iniúchadh seachtrach i gcrích, curtha san áireamh sa Ráiteas Airgeadais Bhliantúil (RAB) don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023. Foilsíodh an RAB laistigh de mhí amháin ón Ráiteas a fháil ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste mar aguisín le Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh a cuireadh faoi bhráid an Aire.

Tá an córas de rialú inmheánach atá in úsáid in BOOCCC bunaithe ar:

- Beartais agus nósanna imeachta bainistíochta agus riaracháin
- Deighilt dualgas
- Údaruithe sonracha
- Seiceáil inmheánach
- Dearbhuithe Ráthaíochtaí sínithe ag an bhfoireann bainistíochta shinsearach
- Ráiteas Straitéise
- Plean Seirbhíse Bliantúil
- Tuarascálacha Bainistíochta Riosca
- Comhaontú Seachadta Feidhmíochta
- Comhaontú Maoirseachta
- Athbhreithniú míosúil na foirne bainistíochta ar thuarascálacha ina ndéantar cur síos ar thorthaí iarbhír agus buiséadaithe clár a bhfuil BOOCCC freagrach astu
- Clár iniúchta do thuarascálacha agus do mholtaí iniúchta seachtracha
- Clár iniúchta do thuarascálacha agus do mholtaí iniúchta inmheánacha
- Litreacha Bainistíochta ARC&C
- Tuarascálacha Tuairime, Tuarascálacha Torthaí agus Moltaí AII-BOOÉ
- Athbhreithniú ar Chomhlíonadh an Chóid Rialachais
- Tuarascáil Bhliantúil an Choiste Iniúchta agus Riosca
- Tuarascáil Bhliantúil an Choiste Airgeadais
- Tuarascáil um Nochtadh Cosanta

Bainistíonn BOOCCC Leanúnachas Gnó trí aird a thabhairt ar athruithe sa timpeallacht rialaithe.

Deimhníonn an cathaoirleach go bhfuil an Ráiteas faoin Rialú Inmheánach, atá faoi réir athraithe go dtí go mbeidh an t-iniúchadh seachtrach curtha i gcrích, curtha san áireamh sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla agus mar aguisín le *Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh a chuirtear* faoi bhráid an Aire.

## Soláthar

Deimhníonn an bord go bhfuil an eagraíocht ag cloí le gnéithe ábhartha an Chóid Chaiteachais Phoiblí agus le forbairt agus le cur chun feidhme an Phlean Soláthair Chorparáidigh.  Sa Phlean Soláthair Chorparáidigh scrúdaítear aon neamhchomhlíonadh le beartas soláthair. Tá ráta comhlíonta an-ard - 99.55% - luaite le soláthair in BOOCCC in 2023.  Ní raibh an caiteachas neamh-chomhlíontach iomlán ach cothrom le €71,389.74.

## Cód Caiteachais Phoiblí 2013

Deimhníonn cathaoirleach an bhoird go bhfuil BOOCCC ag cloí le gnéithe ábhartha an Chóid Chaiteachais Phoiblí.

## Comhlíonadh Cánach

Deimhníonn cathaoirleach an bhoird gur chomhlíon BOOCCC a chuid oibleagáidí faoi dhlí cánach.

## Athbhreithniú ar Éifeachtacht an Bhoird

Déanann Bord BOOCCC athbhreithniú bliantúil ar a éifeachtacht féin de réir Alt 4 den Chód. Mar a comhaontaíodh leis an Aonad Iniúchta Inmheánaigh, déanfar an chéad athbhreithniú bliantúil ar an mBord nua i ndiaidh dó a chéad bhliain a chaitheamh i mbun oibre. Tá sé beartaithe go ndéanfar an chéad fhéinmheastóireacht ar an mBord reatha i mí Mheán Fómhair 2025.

## Sceideal agus Tinreamh Cruinnithe Boird

Bhuail Bord BOOCCC le chéile ar na dátaí seo a leanas in 2024:

- 16 Eanáir
- 20 Feabhra
- 26 Márta
- 07 Bealtaine
- 05 Meitheamh
- 27 Lúnasa *(An Chéad Chruinniú i nDiaidh an Toghcháin)*
- 27 Lúnasa *(An Dara Cruinniú i nDiaidh an Toghcháin)*
- 03 Meán Fómhair
- 08 Deireadh Fómhair
- 19 Samhain

I rith na bliana, bhuail Bord BOOCCC le chéile deich n-uair, agus tá eolas maidir leis an tinreamh le fáil sa tábla thíos:

| Céadainm | Sloinne | An 16 Ean | An 20 Fea | An 26 Már | An 07 Bea | An 05 Meitheamh | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Carmel | Boyle | | | | | | 0/2 |
| Tomás | Breathnach | | | | | | 5/5 |
| Fergal | Browne | | | | | | 5/5 |
| Mary Hilda | Cavanagh | | | | | | 5/5 |
| Peter | Cleere | | | | | | 4/5 |
| Laura | Conheady | | | | | | 4/5 |
| Deirdre | Cullen | | | | | | 2/5 |
| Andrea | Dalton | | | | | | 5/5 |
| Michael | Delaney | | | | | | 2/5 |
| Eamonn | Doheny | | | | | | 3/5 |
| Fidelis | Doherty | | | | | | 5/5 |
| Ger | Frisby | | | | | | 5/5 |
| John | Hurley | | | | | | 5/5 |
| Matthew | Kenny | | | | | | 2/5 |
| Caitlín | Mhic Cárthaigh | | | | | | 5/5 |
| Thomas | Kinsella | | | | | | 4/5 |
| Patrick | O'Neill | | | | | | 1/5 |
| Noel | Phelan | | | | | | 0/2 |
| Clare | Ryan | | | | | | 4/5 |
| Adrienne | Wallace | | | | | | 0/5 |

| Céadainm | Sloinne | An 27 Lúnas (1) | An 27 Lúnas (2) | An 03 MF | An 08 DF | An 19 Samhain | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Fergal | Browne | | | | | | 4/5 |
| Jenny | Catt Slattery | | | | | | 4/5 |
| Mary Hilda | Cavanagh | | | | | | 4/5 |
| Peter | Cleere | | | | | | 4/5 |
| Deirdre | Cullen | | | | | | 5/5 |
| Andrea | Dalton | | | | | | 5/5 |
| David | Denieffe | | | | | | 2/3 |
| Maria | Dollard | | | | | | 3/5 |
| Thomas | Kinsella | | | | | | 4/5 |
| Seán | Lawlor | | | | | | 1/1 |
| Ger | Long | | | | | | 4/4 |
| Joe | Malone | | | | | | 3/5 |
| Madailín | Mhic Lochlainn | | | | | | 2/3 |
| Sarah | Millea | | | | | | 3/3 |
| Daniel | Pender | | | | | | 2/5 |
| Ann | Penfold | | | | | | 4/4 |
| Clare | Ryan | | | | | | 2/3 |
| Jacqueline | Sheil | | | | | | 5/5 |
| Joe | Sheridan | | | | | | 3/5 |
| Maurice | Shortall | | | | | | 3/5 |
| Kathryn | Wall | | | | | | 3/5 |




## Oiliúint rialachais do bhaill bhoird agus choiste

Cuireadh oiliúint ionduchtaithe ar fáil do gach ball boird agus coiste nua chun cabhrú leo a sainordú a chomhlíonadh go héifeachtach agus san áireamh bhí:

- Litir cheapacháin – litir cheapacháin fhoirmiúil ina bhfuil sonraí maidir leis an gceapachán mar a cheanglaíonn an *Cód Cleachtais chun BOOnna a Rialú 2024.*
- Pacáiste ionduchtaithe do bhaill bhoird – ábhar cuimsitheach maidir le róil, freagrachtaí agus feidhmeanna Bhord BOOCCC.
- Seisiún eolais leis an mbainistíocht feidhmiúcháin maidir le cuspóirí agus gníomhaíochtaí straitéiseacha BOOCCC.
- Oiliúint Rialachais FR/BOOÉ do Bhaill Bhoird BOO (céim 1) ar an 8 Deireadh Fómhair.

## Coistí

Bhunaigh Bord BOOCCC roinnt coistí a bhfuil baill bhoird agus/nó baill chomhaontaithe eile páirteach iontu, chun cabhrú leis lena fheidhmeanna. Le cois an Choiste Iniúchta agus Riosca agus an Choiste Airgeadais, tá bord bainistíochta dá chuid féin ag gach scoil. Ar leithligh, tá roinnt bord FET bainistíochta agus coiste obair don óige bunaithe.




## An Coiste Iniúchta agus Riosca

Bunaithe faoi Alt 44 *d'Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013*, tá ról sonrach ag an gCoiste Iniúchta agus Riosca, ag feidhmiú go neamhspleách ar fhoireann bainistíochta BOOCCC, chun dearbhuithe a sholáthar do Bhord BOOCCC maidir le leordhóthanacht agus éifeachtacht na bpróiseas um rialú inmheánach, lena n-áirítear bainistíocht riosca agus rialachas corparáideach. Bhuail baill an choiste le chéile ar na dátaí seo a leanas in 2024: 29 Eanáir; 21 Márta; 8 Deireadh Fómhair; 13 Samhain; agus 17 Nollaig.

I rith na bliana, bhuail an Coiste Iniúchta agus Riosca le chéile cúig huaire, agus tá eolas maidir leis an tinreamh le fáil sa tábla thíos.

| Anim | 29 Ean | 21 Már | 08 DF | 13 Sam | 17 Nol | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Gerard Mulvey ((Cathaoirleach) – Ball Seachtrach | | | | | | 5/5 |
| Andrea Dalton – Ball Boird | | | | | | 2/2 |
| Michael Delaney – Ball Boird | | | | | | 0/2 |
| PJ Leonard – Ball Seachtrach | | | | | | 2/2 |
| Mary Brennan – Ball Seachtrach | | | | | | 2/2 |
| Patrick O'Neill – Ball Boird | | | | | | 2/2 |
| Ger Long – Ball Boird | | | | | | 2/3 |
| Aine Donovan – Ball Seachtrach | | | | | | 1/3 |
| Daniel Pender – Ball Boird | | | | | | 2/3 |
| Marie Bracken – Ball Seachtrach | | | | | | 2/3 |




Mar chuid dá chlár oibre bhreithnigh an Coiste an méid seo a leanas:

- Tuarascálacha iniúchta inmheánaigh
- Dearbhuithe bainistíochta
- Athbhreithniú ar leabhair miontuairiscí an Bhoird agus na gCoistí Airgeadais
- Athbhreithniú ar an gClár Iniúchta
- Athbhreithniú ar an gClár Rioscaí
- Comhfhreagras agus rannpháirtíocht le hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha

## Coiste Airgeadais

Tá an Coiste Airgeadais freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar ioncam agus ar chaiteachas BOOCCC, conarthaí móra agus gnéithe airgeadais de na pleananna oideachais agus seirbhíse. Bhuail baill an choiste le chéile ar na dátaí seo a leanas in 2024: 16 Feabhra; 22 Márta; 8 Deireadh Fómhair; 13 Samhain agus 11 Nollaig.

I rith na bliana, bhuail an Coiste Airgeadais le chéile cúig huaire, agus tá eolas maidir leis an tinreamh le fáil sa tábla thíos.

| Anim | 16 Fea | 22 Már | 08 DF | 13 Sam | 11 Nol | Total |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Sadie Aherne – Ball Seachtrach | | | | | | 2/2 |
| Mary Brennan – Ball Seachtrach | | | | | | 2/2 |
| Deirdre Cullen – Ball Boird | | | | | | 1/2 |
| Edward Holohan (Cathaoirleach) – Ball Seachtrach | | | | | | 2/2 |
| Mary Hilda Cavanagh – Ball Boird | | | | | | 5/5 |
| *Peter Cleere – Ball Boird | | | | | | 2/4 |
| Marie Bracken (Cathaoirleach) – Ball Seachtrach | | | | | | 2/3 |
| Gerard Mulvey – Ball Seachtrach | | | | | | 3/3 |
| Shane Finn – Ball Seachtrach | | | | | | 3/3 |
| Fergal Browne – Ball Boird | | | | | | 0/3 |

*Peter Cleere – ní ball den choiste é níos mó i ndiaidh gur toghadh é mar bhall de Dháil Éireann i mí na Samhna 2024.

Mar chuid dá chlár oibre in 2024, bhreithnigh an Coiste Airgeadais an méid seo a leanas:

- An Tuarascáil maidir le Tionscadail Chaipitil
- Tuarascálacha Ioncaim agus Caiteachais
- Conarthaí a bhfuil luach sa bhreis ar €50,000 luaite leo
- Tuarascálacha Ioncaim agus Caiteachais
- Tuarascálacha Bainistíochta Riosca
- Tuarascálacha Feidhmiúcháin

## Ráitis Airgeadais

Tá dualgas ar an mbord a chinntiú go dtugtar léargas cothrom, fíor agus ceart ar staid airgeadais na BOOnna gach bliain. Tá Bord BOOCCC freagrach as na cuntais a choimeád agus as an RAB a ullmhú ar bhealach a chomhlíonann an reachtaíocht, na beartais agus na caighdeáin chuntasaíochta atá infheidhme do gach BOO. Ní mór léargas ceart a thabhairt ar ioncam agus ar chaiteachas agus ar staid gnóthaí eagraíochtúla ag deireadh 2024 agus tuairisciú maidir lena leithéid nuair is cuí.

Tá Bord BOOCCC den tuairim go dtugtar léargas fíor agus cruinn ar staid airgeadais na heagraíochta in RAB 2024 ina léirítear i gceart an t-ioncam agus an caiteachas agus staid na ngnóthaí ag deireadh 2024.

Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil RAB BOOCCC don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 faoi réir iniúchta a bheidh á dhéanamh ag CSTE an tráth a fhoilsítear Tuarascáil Bhliantúil BOOCCC 2024. Foilseoidh BOOCCC na ráitis airgeadais iniúchta laistigh de mhí amháin i ndiaidh iad a fháil ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

**Tá sonraí airgeadais maidir leis an méid seo a leanas le fáil sa RAB:**

- Sonraí maidir le táillí neamhthuarastail íoctha i ndáil le Baill Bhoird anailísithe de réir na catagóire táillí
- Sonraí comhiomlána maidir le cúiteamh le príomhbhaill foirne bainistíochta anailísithe bunaithe ar na catagóirí seo a leanas lena n-áirítear cúiteamh bainistíochta iomlán;
  - Tuarastail agus sochair ghearrthéarmacha fostaí eile
  - Sochair iar-fhostaíochta
  - Sochair foirceanta
- Cúiteamh na príomhfhoirne bainistíochta más ann dá leithéid;
- Sonraí maidir le líon na bhfostaithe a raibh a sochair fostaí iomlána (seachas costas pinsin fostóra) don tréimhse thuairiscithe idir €0 agus €59,999 agus laistigh de gach banda pá de €10,000 agus €60,000 agus níos mó, agus figiúr foriomlán do ranníocaíochtaí pinsin fostóra iomlána.

Foilseofar na Ráitis Airgeadais Iniúchta ar www.kcetb.ie.

## An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014

In 2024, fuair BOOCCC 3 iarratas ar fhaisnéis faoin Acht.



## Nochtadh Cosanta

In 2024, níor ardaíodh aon cheist faoi Acht um Nochtadh Cosanta, 2014.

## An tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014

Tá BOOCCC tiomanta do thacú le comhdheiseanna agus cur chuige dearfach maidir le comhionannas laistigh den eagraíocht.  Déanaimid iarracht cóir chothrom agus chothromasach a chinntiú i ndáil leis na naoi bhforas atá leagtha amach san Acht um Stádas Comhionann. Tá ár gcláir agus seirbhísí tiomanta do chultúr comhionannais agus cothroime a leabú inár ngníomhaíochtaí ar fad. In 2022, bhunaigh BOOCCC meitheal maidir le Dualgas Comhionannais agus Chearta an Duine na hEarnála Poiblí agus chuir sé tús le forbairt a dhéanamh ar Ráiteas Luachanna Comhionannais agus Chearta an Duine, Plean Measúnaithe agus Feidhmithe, a bhí ag teacht lenár ndualgais earnála poiblí.

## Cothromraíocht Inscne i mBallraíocht an Bhoird

Ag an 31 Nollaig, bhí 11 (52.38%) bhall baineanna agus 10 (47.62%) mball fhireanna ag an mbord agus bhí 0 post folamh. Dá réir sin, tá sprioc an Rialtais maidir le hionadaíocht 40% ar a laghad a bheith ag gach inscne i mballraíocht Bord Stáit á comhlíonadh ag an mBord. Tá eolas maidir le Comhdhéanamh an Boird le fáil i Rannóg 1.10 de Chód Cleachtais chun Boird Oideachais agus Oiliúna a Rialú, 2024. Tá na critéir atá luaite le ceapachán ar an mbord de réir Alt 30 d'Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, ina ndéantar cur síos ar chomhdhéanamh an bhoird oideachais agus oiliúna, cothromaíocht inscne san áireamh.

## Tuairisciú Bliantúil ar Fheidhmíocht Fuinnimh

Soláthraíonn Straitéis Éifeachtúlachta Fuinnimh na hEarnála Poiblí creat chun cabhrú leis an earnáil phoiblí a spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh a chomhlíonadh trí ídiú fuinnimh agus costais fuinnimh a laghdú agus cleachtais bhainistíochta fuinnimh láidre a leabú ag gach leibhéal d'oibríochtaí gnó. Mar chomhlacht poiblí, tá ceanglas dlíthiúil bliantúil ar BOOCCC sonraí fuinnimh a thuairisciú faoi I.R. 426 de 2014. Bunaithe ar na sonraí a tuairiscíodh, rinne BOOCCC coigilteas 45% (de réir Thuarascáil Bhliantúil ÚFIÉ) faoi dheireadh 2023 arb ionann é agus feabhas leanúnach ó bunaíodh Straitéis Éifeachtúlachta

## Fuinnimh na hEarnála Poiblí.

Achtanna na dTeangacha Oifigiúla, 2003-2021
Tá na hoibleagáidí faoi Achtanna na dTeangacha Oifigiúla, 2003 – 2001, comhlíonta ag BOOCCC.  Bhain 5% den chaiteachas fógraíochta le meáin Ghaeilge agus bhí 28.33% de na fógraí ar fad a eisíodh ar fud na heagraíochta trí Ghaeilge.



# Próifíl Foirne

Tá léargas le fáil sa tábla thíos ar phróifíl foirne coibhéise lánaimseartha BOOCCC i rith 2024:

| | 2024 |
|---|---|
| **Príomhfheidhmeannach** | **1.00** |
| **Stiúrthóirí** | **3.00** |
| **Foireann Riaracháin agus Tacaíochta** | |
| Foireann Riaracháin (CLA) | 71 |
| Coimhdeach (CLA) | 30.78 |
| **Foireann Scoile** | |
| Príomhoidí | 13.00 |
| Leas-Phríomhoidí | 18.00 |
| Foireann Múinteoireachta (CLA) | 440.19 |
| Cúntóirí Riachtanas Speisialta (CLA) | 61.55 |
| **Foireann Breisoideachais agus Oiliúna** | |
| Bainisteoir Seirbhísí Oiliúna | 1.00 |
| Oifigigh Oideachais Aosach | |
| *(1 Bhainisteoir Seirbhísí Oiliúna Cúnta san áireamh) ning Services Manager)* | 4.00 |
| Comhordaitheoirí/Éascaitheoirí | 15.80 |
| Treoirchomhairleoirí | 5.00 |
| Oifigigh Óige | 2.00 |
| Oifigigh Forbartha Ghlúin an Cheoil | 2.00 |
| Teagascóirí Acmhainne | 10.97 |
| Teagascóirí Páirtaimseartha (íoctha agus deonacha) | 128.00 |
| Múinteoirí/Teagascóirí (CLA) | 25.57 |
| Oifigeach Faisnéise | 1.6 |
| Teagascóirí | 8.00 |
| Oifigigh Údaraithe | 4.00 |
| Oifigigh Thionscadal | 4.00 |
| Príomhoidí | 2.00 |
| Leas-Phríomhoidí | 4.00 |
| Foireann Múinteoireachta (CLA) | 82.12 |
| **Iomlán (coibhéis lánaimseartha)** | **938.58** |




# Tuarascálacha Stiúrthóireachta

# An Stiúrthóireacht Scoileanna

Is údarás oideachais áitiúil reachtúil é BOOCCC atá ag feidhmiú de réir Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, agus reachtaíocht ábhartha eile.

Soláthraíonn sé raon cuimsitheach clár agus tacaíochtaí oideachais ar ardchaighdeán atá deartha chun freastal ar riachtanais daoine óga agus daoine fásta ar fud Chill Chainnigh agus Cheatharlach. Tá raon soláthair oideachais forbartha aige chun déileáil le héilimh éagsúla agus shíorathraitheacha foghlaimeoirí. Tá BOOCCC freagrach as 13 scoil dara leibhéal. Tá baint aige le go leor gníomhaíochtaí comhpháirtíochta ag leibhéal áitiúil agus soláthraíonn sé raon tacaíochtaí oideachais chun caighdeán a chlár oideachais a fheabhsú.




**Tá BOOCCC freagrach as 13 scoil/coláiste dara leibhéal, comhoideachais, il-sainchreidmheacha. Is iad seo a leanas na scoileanna:**

| | |
|---|---|
| Coláiste Pobail na Mainistreach, Port an Chalaidh | Coláiste an Dubhuisce, Gráig na Manach |
| Gairmscoil na Buiríse | Gaelcholáiste Cheatharlach |
| Coláiste Aindriú, Muine Bheag | Coláiste an Ghrianáin, Baile Mhic Andáin |
| Coláiste Cois Siúire, Móin Choinn | Gairmscoil Chathair Chill Chainnigh |
| Coláiste Eoin, Baile Haicéid | Scoil Aireagail, Baile Héil |
| Coláiste Mhuire, Baile Sheáin | Coláiste Tyndall, Ceatharlach |
| Coláiste Pobail Osraí, Cill Chainnigh | |

Is é an aidhm atá ag ár scoileanna dara leibhéal oideachas ar ardchaighdeán, ionchuimsitheach, iomlánaíoch a chur ar fáil a chuirfidh ar chumas gach duine barr a c(h)umais a bhaint amach ionas gur féidir leis/léi taitneamh a bhaint as saol fiúntach agus le cur forbairt na sochaí. Déanann pobail na scoile iarracht na haidhmeanna seo a chomhlíonadh le baill foirne ghairmiúla, chomhoibritheacha tríd an méid seo a leanas a thairiscint:

- curaclam leathan, a fhreastalaíonn ar fhorbairt mhorálta, intleachtúil, fhisiciúil, shóisialta agus phearsanta mac léinn
- clár oideachais comhchuraclaim
- clár cúraim thréadaigh

Bunaíodh na scoileanna in BOOCCC mar fhreagairt do riachtanais oideachais áitiúla agus tá an traidisiún seo a bhaineann le freastal ar riachtanais mac léinn le brath i gcónaí i measc phobal na scoile. Tá fianaise ar an nuálaíocht agus ar an mbainistíocht athraithe le fáil sa raon clár atá á thairiscint.

Príomhghné atá mar bhonn le forbairt ár scoileanna freisin agus atá le tabhairt faoi deara inár gComhairlí Mac Léinn agus Comhairlí Tuismitheoirí ná comhpháirtíocht. Chomh maith leis sin, bímid ag obair i gcomhpháirt le páirtithe leasmhara eile, go háirithe i gcomhthéacs na forbartha óige, spóirt agus pobail agus na hearnálacha gnó chun eispéiris oideachais ár mac léinn a fheabhsú. Tá BOOCCC ag leanúint ar aghaidh le raon leathan clár a chur ar fáil i scoileanna. Sa bhreis ar Chláir an Teastais Shóisearaigh agus na hArdteistiméireachta, tairgeann scoileanna cláir speisialta cosúil le Clár Scoileanna an Teastais Shóisearaigh, an Ardteistiméireacht Fheidhmeach agus Gairmchlár na hArdteistiméireachta.

# Soláthar Dara Leibhéal

| Scoil | Cláir á dTairiscint | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | JC | JCSP | TY | LC | LCA | LCVP | PLC |
| Coláiste Pobail na Mainistreach, Port an Chalaidh | √ | | √ | √ | √ | √ | |
| Gairmscoil na Buiríse | √ | | √ | √ | | √ | |
| Coláiste Aindriú, Muine Bheag | √ | √ | √ | √ | √ | | |
| Coláiste Cois Siúire, Móin Choinn | √ | | √ | √ | | √ | |
| Coláiste Eoin, Baile Haicéid | √ | | √ | √ | | √ | |
| Coláiste Mhuire, Baile Eoin | √ | √ | √ | √ | √ | √ | |
| Coláiste Pobail Osraí, Cill Chainnigh | √ | | √ | √ | | | |
| Coláiste an Dubhuisce, Gráig na Manach | | √ | √ | √ | | √ | |
| Gaelcholáiste Cheatharlach | √ | | √ | √ | | √ | |
| Coláiste an Ghrianáin, Baile Mhic Andáin | √ | | √ | √ | | √ | |
| Gairmscoil Chathair Chill Chainnigh | | √ | √ | √ | √ | | |
| Scoil Aireagail, Baile Héil | √ | | √ | √ | | | |
| Coláiste Tyndall, Ceatharlach | | √ | √ | √ | √ | √ | |

Clár Scoileanna an Teastais Shóisearaigh (CSTS); Clár na hIdirbhliana (IB); Ardteistiméireacht Fheidhmeach (ATF); Gairmchlár na hArdteistiméireachta (GCAT); Cúrsa Iar-Ardteistiméireachta (IAT)

# Rolluithe Dara Leibhéal

| Scoil | 2024/2025 |
|---|---|
| Coláiste Pobail na Mainistreach, Port an Chalaidh | 998 |
| Coláiste na Buiríse | 537 |
| Coláiste Aindriú, Muine Bheag | 140 |
| Coláiste Cois Siúire, Móin Choinn | 159 |
| Coláiste Eoin, Baile Haicéid | 365 |
| Coláiste Mhuire, Baile Eoin | 654 |
| Coláiste Pobail Osraí, Cill Chainnigh | 222 |
| Coláiste an Dubhuisce, Gráig na Manach | 139 |
| Gaelcholáiste Cheatharlach | 359 |
| Coláiste an Ghrianáin, Baile Mhic Andáin | 334 |
| Gairmscoil Chathair Chill Chainnigh | 311 |
| Scoil Aireagail, Baile Héil | 197 |
| Coláiste Tyndall, Ceatharlach | 1002 |
| **Iomlán** | **5,417** |

# Éachtaí Scoile in 2024

Lean scoileanna BOO i gCill Chainnigh agus i gCeatharlach ag fás agus ag forbairt i rith 2024 agus tugadh méadú ar rollú faoi deara i roinnt scoileanna.

Buaicphointe in 2024 ba ea ceiliúradh a rinneadh ar ár scoileanna i rith Sheachtain BOO a bhí ar siúl idir an 11 - 15 Márta 2024. D'oibrigh scoileanna ar go leor postálacha meán sóisialta maidir lena ngníomhaíochtaí agus imeachtaí. Deis a bhí ann chun ár n-éiteas a chur chun cinn agus a cheiliúradh agus leanúint ar aghaidh ag tacú le barr feabhais san oideachas.

Reáchtáladh Imeacht Taispeántais Éiteas suntasach ar an 12 Márta 2024 ag Coláiste an Ghrianáin, chun ceiliúradh a dhéanamh ar thionscnaimh dhearfacha leanúnacha i ngach scoil. I rith an imeachta tarraingíodh aird ar an úsáid a bhaintear as ár n-éiteas mar threoirphrionsabal laistigh de gach pobal scoile. Mar shampla, thug Coláiste Tyndall léargas ar a thiomantas do 'Bharr Feabhais Oideachais' tríd an tionscadal ar éirigh go breá leis ag Comórtas Eolaí Óg BT don Ghrúpa Sóisearach Meabhairshláinte agus Folláine, dar teideal, 'Is TikTok the Next Pandemic?'. Thug Coláiste an Dubhuisce léargas ar bhunluach an 'Phobail' trí thionscadal taighde inar scrúdaíodh na spásanna pobail riachtanacha i nGráig na Manach, agus ag an deireadh cruthaíodh beochaintí íomhá ar íomhá a taispeánadh ag an imeacht. Dhírigh Coláiste Eoin ar bhunluach an 'Chúraim,' agus tugadh léargas ar an Lá Seantuismitheoirí/Daoine Speisialta rathúil a d'eagraigh siad, lá chun ceiliúradh a dhéanamh ar chaidreamh ó ghlúin go glúin. I rith an lae bronnadh duaiseanna ar bhuaiteoirí an Chomórtais Ghrianghrafadóireachta Éitis, duaiseanna rannpháirtíochta scoile agus taibhithe ceoil iontacha ó mhic léinn ó Choláiste an Ghrianáin. De bhrí go raibh an Taispeántas Éitis ar siúl ag an am céanna le Seachtain na Gaeilge, bhí neart ceoil agus damhsa traidisiúnta le cloisteáil agus le feiceáil le mic léinn ó Choláiste Pobail Osraí agus Gaelcholáiste Cheatharlach.

Eagraíodh comórtas grianghrafadóireachta éitis le mic léinn, agus fáiltíodh roimh ghrianghraif a léirigh ár mbunluachanna - Barr Feabhais Oideachais, Meas, Cúram, Pobal agus Comhionannas. Is mian linn comhghairdeas a dhéanamh le buaiteoirí ár gcomórtais grianghrafadóireachta:

**Buaiteoir Foriomlán an Chomórtais:**
Sophie Jandl, Scoil Aireagail

**Buaiteoir Barr Feabhais Oideachais:**
Abi Felle, Coláiste Cois Siúire

**Buaiteoir an Téama 'Cúram':**
Mia Howley, Coláiste Pobail na Mainistreach

**Comhbhuaiteoirí an Téama 'Comhionannas':**
Sophie Jandl, Scoil Aireagail
Grace Morgan, Coláiste an Dubhuisce

**Comhbhuaiteoirí an Téama 'Pobal':**
Danny de Paor, Coláiste Pobail Osraí
Ava Ní Dhéin, Gaelcholáiste Cheatharlach

**Buaiteoir an Téama 'Meas':**
Eden Gillespie, Coláiste Pobail na Mainistreach





## Onóir tugtha do Vicky Phelan mar Bhuaiteoir Alumni BOOCCC 2024

Ba mhór an onóir do BOOCCC onóir a thabhairt do, Vicky Phelan, a chaith tamall ag freastal ar Choláiste Cois Siúire. Bronnadh an Gradam Alumni uirthi ag lá BOOÉ i bPáirc Thuamhan ar an Déardaoin, 14 Márta.

Ba i gColáiste Cois Siúire a cuireadh oideachas iar-bhunscoile ar Vicky Phelan agus ina dhiaidh sin d'fhreastail sí ar Ollscoil Luimnigh áit ar thosaigh sí ag obair mar thaighdeoir in Ionad an Léinn Teangacha Feidhmeacha. Chreid Vicky i gcaitheamh a saoil gur bhain luach ar leith leis an oideachas. Dúirt sí gur 'foghlaimeoir ar feadh an tsaoil' a bhí inti agus thagair sí go minic don tslí a mhúscail oideachas an spéis a chuir sí i dtaisteal agus gur chabhraigh sé léi gairm bheatha a bhaint amach di féin.

Tá scéal Vicky cloiste ag go leor daoine: toradh tástála smeartha as an gceirbheacs bréagdhiúltach in 2011 a bhí mar bhonn le diagnóis d'ailse ceirbheacs in 2014. Ach seachas díreach glacadh leis an toradh sin, bhí fonn ar Vicky, bean fhiosrach riamh, an chúis a bhí leis an toradh bréagdhiúltach sin a oibriú amach. Chuir Vicky tús le feachtas cróga a bhí mar bhonn leis an 'Scannal Seiceála Ceirbheacs'. I ndiaidh imscrúduithe a rinneadh ina dhiaidh sin fuarthas amach go raibh an rud céanna tar éis tarlú do thart ar 221 bean. Trí labhairt amach, thug Vicky guth cumhachtach do na mná sin a bhí ag fulaingt go ciúin, roinnt ban a bhí i ndiaidh bás a fháil ina measc.

In 2018, ceithre bliana i ndiaidh di a diagnóis ailse a fháil, thug Vicky Phelan óráid, atá cáiliúil anois, ar chéimeanna na hArd-Chúirte a bhí mar bhonn le hathruithe tábhachtacha a bhaineann leis an gcaoi a ndéantar seiceálacha ceirbheacs in Éirinn. Ní féidir léargas ceart a thabhairt ar an tionchar dearfach a bhí aici ar shláinte gach bean Éireannach amach anseo.

Cúis bhróid do BOO Chill Chainnigh agus Cheatharlach go raibh fear céile agus mac Vicky, Jim agus Darragh, i láthair chun glacadh le Gradam Alumni Vicky Phelan i bPáirc Thuamhan.

## Foireann Oideachais agus Teanga Réigiúnach (FOTR)

Chuir an Roinn Oideachais síneadh leis an gconradh do phost mar Chomhordaitheoir FOTR do bhliain bhreise agus cuireadh síneadh leis an ról chun cabhrú le teaghlaigh SCCI (Seirbhís Cóiríochta um Chosaint Idirnáisiúnta) áiteanna scoile a aimsiú mar aon le daoine a bhí ag teacht go hÉireann ón Úcráin a chur san áireamh.

Is é príomhról an chomhordaitheora SCCI cur leis na struchtúir thacaíochta oideachais réigiúnacha atá ar fáil cheana féin agus ar dtús tá an ról dírithe ar chabhrú le teaghlaigh dídeanaithe Úcránacha agus SCCI chun áiteanna scoileanna a fháil. Tacaíonn an comhordaitheoir SCCI le scoileanna sa cheantar chun freastal ar riachtanais leanaí nuair a bhíonn siad ann, cuireann sé nó sí comhairle ar agus tacaíonn sé nó sí leis an Roinn Oideachais chun acmhainn nua a fhorbairt más gá.

Páirteach i bhFoirne SCCI tá:

- Seirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla (STOT) a bhfuil neart taithí aici ar dhul i mbun idirchaidrimh le scoileanna maidir le háiteanna do mhic léinn agus tá sí freagrach as na Múinteoirí Teagmhála Baile, Scoile agus Pobail
- Pearsanra réigiúnach SNSO
- Pearsanra réigiúnach CNOS
- Ainmnithe áitiúla comhlachtaí bainistíochta
- Príomhpháirtithe eile de réir mar is cuí

## Uaireanta Comhoibrithe – Scoileanna Speisialta

In 2024, faoi Chiorclán 0028/2024, fiafraíodh den líonra de BOOnna ar fud na tíre tacú le seachadadh post breise i scoileanna speisialta agus aithníodh é mar fhostóir na múinteoirí a earcaíodh. Cheadaigh an Roinn Oideachais 6.63 CLA (146 uair) don 7 Scoil Speisialta i gCill Chainnigh agus Ceatharlach. Cúis áthais do Stiúrthóireacht Scoileanna BOOCCC oibriú leis na scoileanna speisialta. Chuir BOOCCC Comhaontú ar Leibhéal Seirbhíse (CLS) ar fáil do scoileanna speisialta ina leagtar amach na socruithe agus na hoibleagáidí conarthacha atá le comhlíonadh ag scoileanna speisialta agus ag BOOnna. Síníodh an CLS seo leis na 7 Scoil Speisialta i gCill Chainnigh agus i gCeatharlach.

## Teagasc agus Foghlaim

Ainneoin go bhfuil timpeallacht na scoile ag athrú de shíor, bhí béim fós á leagan ag scoileanna ar bharr feabhais sa teagasc agus san fhoghlaim in 2024. Leanadh ar aghaidh le sraith ceardlann teagaisc agus foghlama *(Prionsabail Magenta)* chun teagasc agus foghlaim inár scoileanna a fheabhsú i rith na bliana acadúla 2024/2025. Ghlac 23 múinteoir as ár 13 scoil páirt sna ceardlanna seo i rith na bliana.

## Teach Meet Booccc

Reáchtáladh ár gceathrú TEACH MEET bliantúil; ár n-imeacht foghlama agus comhroinnte gairmiúil go fíorúil ar an 24 Deireadh Fómhair. Ba é an Dr Diarmaid Hyland (Ollscoil Mhá Nua) a bhí i mbun an cur i láthair dar teideal ***'Lesson Study as a mode of professional learning in the post primary classroom'.*** Thacaíomar le ceardlanna ó 27 comhghleacaí teagaisc dár gcuid freisin. D'fhreastail 336 múinteoir ar an imeacht.

Lean scoileanna BOOCCC ar aghaidh le pleanáil forbartha scoile, féinmheastóireacht scoile agus pleanáil DEIS agus thug go leor daoine faoi shraith tionscnamh a bhaineann le teagasc agus

- **Forbairt Curaclaim -** Leanadh ar aghaidh le hoiliúint don Teastas Sóisearach a rolladh amach trí shraith laethanta oiliúna scoile agus braisle. Mar chuid de Chlár Folláine na Sraithe Sóisearaí, d'eagraigh go leor scoileanna imeachtaí folláine. Ina measc bhí Seachtain na Scoileanna Gníomhacha, an tSeachtain Ionchuimsitheachta, Imeachtaí TikTok, Taispeántais Tallainne, Fanacht Sábháilte Ar Líne agus cláir frithbhulaíochta, agus cláir eile nach iad. D'oibrigh Coláiste Pobail na Mainistreach le hOifig Folláine SNSO sa Roinn Oideachais chun píosa scannánaíochta a thaifeadadh mar chuid d'fheachtas cumarsáide náisiúnta chun tacú le Folláine san Oideachas. Ghlac mic léinn agus tuismitheoirí i gColáiste na Buiríse páirt i bpróiseas comhairliúcháin le CNCM maidir le hathfhorbairt chúrsa eolaíochta na sraithe sinsearaí. Roghnaíodh Coláiste Tyndall chun páirt a ghlacadh i gClár Píolótach nua don tSraith Shóisearach maidir le hInbhuanaitheacht agus Gníomhú ar son na hAeráide.

- **Foghlaim Dhigiteach/Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta -** In 2024 leanadh ar aghaidh le béim a leagan ar theicneolaíocht dhigiteach a leabú i dteagasc agus i bhfoghlaim i scoileanna agus i gcoláistí agus bhain mic léinn agus múinteoirí tairbhe as Microsoft Office 365. Rinneadh infheistíocht shuntasach i ngléasanna agus in FGL do mhúinteoirí chun tacú le húsáid a bhaint as MS Teams agus bhain gach scoil úsáid as MS Teams mar ardán aonair do theagasc agus d'fhoghlaim.

- **Scrúduithe Stáit na Sraithe Sóisearaí agus na hArdteistiméireachta 2024**
  Ba cheart na hiarrachtaí suntasacha a rinne scoileanna chun a chinntiú gur éirigh go maith le mic léinn a thug faoin Teastas Sóisearach agus faoin Ardteistiméireacht in 2024 a mholadh.

- **Éachtaí a Mholadh**
  D'éirigh thar cionn le mic léinn BOOCCC i réimsí acadúla, spóirt agus seach-churaclaim in 2024, agus rinne siad ionadaíocht ar BOO ag an leibhéal is airde ag imeachtaí áitiúla agus náisiúnta. D'éirigh le foireann iománaíochta faoi 16 Choláiste Eoin Sciath Iománaíochta Laighin Theas a bhuachan agus d'éirigh leis an bhFoireann Shinsearach Craobhchomórtas B Peil Ghaelach na Scoileanna a bhuachan.

  Bhuaigh foireann camógaíochta shinsearach Choláiste Mhuire teideal Choláistí Laighean a bhuachan. D'éirigh le Gairmscoil Chathair Chill Chainnigh an Craobhchomórtas Eitpheile Uile-Éireann Sinsearach a bhuachan don dara bliain as a chéile, agus d'éirigh le foireann cispheile na mbuachaillí faoi 19 craobhchomórtas Sciath an Oirdheiscirt a bhuachan.

  Tugadh aitheantas do Scoil Aireagail as an obair a rinne siad sa phobal le Grúpa Gníomhaíochta Lucht Scoil Mhuileann an Bhata agus bhronn an tAire Roderick O'Gorman Gradam Idirghlúine DCU ar na mic léinn chun tréaslú leo as an



tionscadal nuálach seo a chur i gcrích. Moladh na mic léinn as an obair a rinne siad ar Ionchuimsiú agus chuir siad a gcuid oibre i láthair ag imeacht Thaispeántas Mapála Soláthair ROS BOOÉ.

Bronnadh Gradam Óige an Gharda Síochána ar Choláiste Cois Siúire dá Shraith Podchraoltaí maidir le Feasacht Drugaí sa Phobal. Dhírigh Coláiste an Dubhuisce ar Mharc Cáilíochta Belong To a bhaint amach a sholáthraíonn cur chuige cuimsitheach maidir le scoil shábháilte agus thacúil LADTA+ a fhorbairt, agus bronnadh Gradam Sheaimpín Scoil Tearmainn ar Ghairmscoil Chathair Chill Chainnigh as a tiomantas do chultúr bródúil d'éagsúlacht agus d'ionchuimsitheacht a sholáthar ina scoil.

- Reáchtáladh ***Gradaim Mhic Léinn na Bliana 2024*** ar an 6 Meán Fómhair 2024. Ainmníodh mac léinn ó gach scoil chun gradam a fháil mar gheall ar a gcuid éachtaí agus ar an gcaoi ar chuir siad le saol na scoile.

## Rialachas agus Bainistíocht Scoile

**Boird Bhainistíochta Scoileanna**
Bunaíodh Boird Bhainistíochta nua i scoileanna de réir théarma oifige nua Bhord BOO. Reáchtáladh cúrsaí oiliúna do Bhoird Bhainistíochta ar an 3 agus 5 Nollaig i gCill Chainnigh agus i gCeatharlach faoi seach - d'fhreastail 63 duine ar chúrsaí i gCill Chainnigh agus d'fhreastail 40 duine ar chúrsaí i gCeatharlach.

Dhaingnigh Bord BOO dearbhú na n-ainmnithe do Bhoird nua.

**Cigireachtaí -** Reáchtáladh roinnt cigireachtaí i rith na bliana lena n-áirítear:

- Coláiste Pobail na Mainistreach – Cigireacht Ábhair Oideachais Reiligiúnaigh, 23 Aibreán 2024
- Coláiste na Buiríse – Cigireacht Ábhair Corpoideachais, 17 Bealtaine 2024
- Coláiste Mhuire - Meastóireacht ar chleachtais ionchuimsitheacha agus ar sholáthar do leanaí in iar-bhunscoileanna a bhfuil riachtanais oideachais speisialta agus bhreise acu, 07 Márta 2024
- Gaelcholáiste Cheatharlach – Cigireacht Ábhair, Tíreolaíocht, 10 Bealtaine 2024
- Scoil Aireagail - Cigireacht Ábhair, Tíreolaíocht, 19 Eanáir 2024

**Cigireachtaí Eile**

- Coláiste an Dubhuisce - Cigireacht ar Theagmháil Baile, Scoile, Pobail – 17 & 18 Aibreán, 2024
- Coláiste Aindriú – Cigireacht ar Theagmháil Baile, Scoile, Pobail – 19 & 22 Aibreán 2024

**Cigireacht Theagmhasach**

- Coláiste na Buiríse – Clár CFL2
- Coláiste Tyndall - Mic léinn ó Phobal an Lucht Siúil agus ón bPobal Romach sa chomhthéacs seo a leanas:
  - Rochtain a fháil ar an gCuraclam agus lánpháirtiú



- Riachtanais Speisialta Oideachais, i gcomhthéacs mac léinn nach bhfuil diagnóis faighte acu, an bealach chun tacú leo.
- Rátaí, patrúin, tacaíochtaí agus idirghabhálacha tinrimh.
- Cúram Tréadach agus tacaíochtaí Folláine do na mic léinn seo
- Tacaíochtaí Sóisialta, Mothúchánacha do na mic léinn seo

**Tacaíochtaí Leanúnacha sa réimse Sláinte agus Sábháilteachta**

- Eagraíodh cuairteanna tacaíochta Sláinte agus Sábháilteachta, lena gComhairligh S&S, ASM, inár scoileanna ar fad.
- Oiliúint Sábháilteachta do Mhaoir Dóiteáin – reáchtáladh na cúrsaí oiliúna thar dhá lá. Eagraíodh cúrsa oiliúna amháin i mí Aibreáin a raibh daoine i láthair aige agus eagraíodh seisiún oiliúna ar líne breise i mí Mheán Fómhair.

*Reáchtáladh cláir Sláinte agus Sábháilteachta dár gCúntóirí Riachtanas Speisialta mar seo a leanas:*

- FGL do CRSanna nuacheaptha - Reáchtáladh cúrsa oiliúna maidir le cosaint leanaí agus freagrachtaí CRSanna in BOOCCC ar an Déardaoin, an 8 Feabhra 2024 – bhí 11 CRS nuacheaptha i láthair.
- Cúrsa Garchabhrach Oibre Athnuachana
- Feasacht ar Thiteamas agus Riar Cógais do gach CRS
- Láimhsiú
- Freagairt trámathreoraithe

- **Foirne Ceannaireachta a Fheabhsú** – Leanadh ar aghaidh lenár gclár forbartha ceannaireachta, a bhfuil sé mar aidhm leis acmhainn cheannaireachta na bhfoirne lárbhainistíochta a fhorbairt (Foirne Phríomhoifigeach Cúnta 1) inár scoileanna, in 2024. Bhí sé mar aidhm leis an gclár seo, a raibh an Dr Joe O' Connell freagrach as, acmhainn foirne lárbhainistíochta a fhorbairt chun tacú le agus chun oibriú ar bhonn comhoibritheach le príomhoidí agus le leas-phríomhoidí ar riachtanas/ar ghníomh sainaitheanta sa scoil/sa choláiste
  - Tacaíochtaí agus Forbairt Múinteoirí – Seisiúin ionduchtaithe do mhúinteoirí nua, MS Teams agus Caidreamh Dearfach a Fhorbairt i bPobal na Scoile. Cuireadh modúl ríomhfhoghlama maidir le hoiliúint RGCS ar fáil do bhaill foirne nua ar ár n-ardán innill phríobháideachais.
  - Ceannairí Scoile Ardaidhmeannacha – Teastas i gCleachtas Athchóiritheach i gcomhar le SETU Cheatharlach – chuir 17 múinteoir an clár i gcrích in 2024 agus tá an Teastas curtha i gcrích ag while 11 cheannaire scoile freisin.
  - D'fhreastail seisear múinteoirí ar Scoil Samhraidh Ceannairí Lárbhainistíochta BOOÉ freisin, Ag Tacú le Ceannairí Lárbhainistíochta: Ceannaireacht a Chothú ar Mhaithe le Domhan Athraitheach in Ollscoil Luimnigh ar an 22 – 24 Meitheamh 2024.

- Trí thacú le ceannairí scoile chun freagairt do na dúshláin éagsúla a chruthaítear sa timpeallacht oideachais, d'eagraigh an Stiúrthóir Scoileanna na 'preabsheisiúin' faisnéise fhiorúla seo do na

Príomhoidí ar fad:

- Eagraíodh seisiún faisnéise dár bpríomhoidí agus dár leas-phríomhoidí ar fad maidir le treoirlínte airgeadais athbhreithnithe BOOCCC ar an 17 Aibreán 2024 agus do riarthóirí scoile ar an 11 Meitheamh 2024.
- Eagraíodh seisiún faisnéise do phríomhoidí agus do leas-phríomhoidí maidir le Rialachas Boird Bhainistíochta lena n-áirítear nósanna imeachta Cosanta agus Cumhdaigh Leanaí ar an 20 Lúnasa trí MS Teams.
- Eagraíodh Preabsheisiún AD do phríomhoidí agus do leas-phríomhoidí ar an 30 Lúnasa trí MS Teams. San áireamh sna nuashonruithe bhí: Foireann Acmhainní Daonna; Tairseach SBAL/ Tairseach Foirne; Múinteoirí Ionaid; CRD; Sceidil Phá/Cóid Phá; Grinnfhiosrúchán; Bainistíocht Saoire; Scéim Sínidh Uaireanta Teagaisc; Sos Gairme agus Scéimeanna Postroinnte.
- Reáchtáladh Oiliúint CRD ar an 12 agus 16 Meán Fómhair

- **Timpeallachtaí Foghlama ar Ardchaighdeán** – tacaíodh le tiomantas do thimpeallachtaí teagaisc agus foghlama ar ardchaighdeán ar na bealaí seo a leanas:

  – Aonaid NSU bhreise a chur ar fáil i scoileanna áirithe. Mar shampla, osclaíodh an dara ranga speisialta do mhic le neamhord de chuid speictream an uathachais i gColáiste an Ghrianáin inar soláthraíodh timpeallachtaí teagaisc agus foghlama ar ardchaighdeán do mhic léinn a bhfuil riachtanais bhreise acu.

  – RSO – Reáchtáladh ár gcéad Phobal Cleachtais i gcomhair 2024/25 le haghaidh CRSOnna ar an 7 Samhain. Ba é 'Modhanna Éifeachtacha chun Sonraí Mic Léinn a Chomhroinnt chun Críocha Comhoibritheacha' téama an imeachta.

  – Rannpháirtíocht i gClár Mapála Sholáthar RSO BOOÉ. Tá 13 scoil BOOCCC páirteach i gClár Mapála Riachtanais Speisialta Oideachais (RSO) BOOÉ. Tá sé mar aidhm le Mapáil Soláthair tacú le foghlaim gach mac léinn, ach aithnítear an gá bunúsach atá le cothú agus le tacaíocht, go háirithe do mhic léinn a bhfuil riachtanais bhreise acu mar aon le míchumas, laistigh den mheon comhoibritheach seo. Tá an tionscadal dírithe ar acmhainn cheannaireachta a fhorbairt ag leibhéal scoile, áitiúil agus náisiúnta ar fud BOOnna chun tacú le cur chuige córais uile/scoile uile maidir le hoideachas ionchuimsitheach agus speisialta. Ceadaíonn Mapáil RSO do scoileanna na forálacha agus na hidirghabhálacha atá ar fáil do mhic léinn a liostú ar an gcontanam tacaíochta, idir forálacha do gach mac léinn agus idirghabhálacha do mhic léinn a bhfuil riachtanais chasta acu.

- **Bonneagar digiteach feabhsaithe** inár scoileanna agus uasghráduithe déanta ar nascacht leathanbhanda, bogearraí agus crua-earraí. Trí úsáid a bhaint as maoiniú TFC breise ó Dheontais TFC na Roinne Oideachais, ceannaíodh gléasanna do mhic léinn agus do bhaill foirne chun tacú le Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta. Tá a gcuid seomraí ríomhairí uasghrádaithe ag scoileanna chun seomra digiteach don 21ú haois a chruthú agus tá áiseanna nua le dearadh todhchaíoch cruthaithe i scoileanna eile chun tacú le mic léinn le teicneolaíocht, grafaic dheartha agus chumarsáide (GDC), innealtóireacht agus staidéir foirgníochta.

- **Uasghrádú Trealaimh i Seomraí Ranga Praiticiúla –** Uasghráduithe i seomraí ranga praiticiúla (Innealtóireacht, Foirgníocht, Eolaíocht, Ealaín, Ceol, Eacnamaíocht Bhaile agus Corpoideachas): ar siúl i Scoil Aireagail, Coláiste na Buiríse, Coláiste an Ghrianáin, Coláiste Cois Siúire, Coláiste Mhuire agus Coláiste Aindriú.

- **Uasghráduithe leanúnacha ar fhoirgnimh scoile** – Ar an 27 Lúnasa reáchtáil Scoil Aireagail oscailt oifigiúil an tsínidh ina raibh trí sheomra ranga, seomra grafaice le seomra teicstílí, seomraí leithris do bhaill foirne agus do mhic léinn, agus dhá sheomra ranga tacaíochta do mhic léinn le huathachas.
  Dhírigh Campas Scoileanna Chill Chainnigh (Coláiste Pobail Osraí agus Gairmscoil Chathair Chill Chainnigh) ar oibreacha cumasúcháin don champas. Leanadh ar aghaidh ag obair leis an Roinn Oideachais ar chóiríocht bhreise a chur ar fáil do Choláiste Mhuire, Baile Eoin, Gaelcholáiste Cheatharlach agus Coláiste Eoin, Baile Haicéid.
  Cuireadh obair i gcrích leis an Roinn Oideachais freisin chun réiteach/réitigh inbhuanaithe a shainaithint do roinnt cóiríochta atá ar fáil cheana féin agus níos mó cóiríochta a chur ar fáil trí úsáid a bhaint as Creat Cóiríochta Modúlaí na Roinne do Choláiste an Dubhuisce.

## Comhpháirtíochtaí leis an bpobal trí chéile

In 2024, bhí fianaise ar an gcomhoibriú idir scoileanna agus comhpháirtithe oideachais éagsúla le feiceáil. Tá tiomantas na bpáirtithe ar fad do chur chun cinn an bhairr feabhais le moladh agus á léiriú trí an méid seo a leanas:

**Guth an Mhic Léinn a Chur Chun Cinn** – Thug Comhairlí Mac Léinn in go leor scoileanna tús áite do mheabhairshláinte dhearfach agus d'fholláine agus thacaigh siad lena leithéid. Reáchtáil scoileanna seachtainí frithbhulaíochta agus bhain siad tairbhe as cláir forbartha acmhainne cosúil le Cláir Phiarmheantóireachta do mhic léinn, Clár Ceannairí na Todhchaí CLG.

Téama coitianta eile i measc mac léinn i scoileanna in 2024 ba ea tacú le saoránacht dhomhanda agus dhírigh go leor scoileanna ar an gclár oibre glas agus bronnadh Bratacha Glasa orthu.

Bhí comhlachtaí mac léinn tiomanta do thiomsú airgid in 2024 freisin. I measc cuid de na carthanachtaí fiúntacha ar thug mic léinn airgead dóibh bhí Cros Dhearg na hÉireann, Fondúireacht Sláinte Leanaí na hÉireann, Cumann Naomh Uinseann de Pól, Ailse Bhrollaigh na hÉireann, Focus Éireann agus Ionaid Cúraim Chónaithe Mhóin Choinn.

**Comhairlí Mac Léinn** – Reáchtáladh cúrsaí oiliúna do Chomhairlí Mac Léinn chun guth agus ceannaireacht mac léinn a chur chun cinn agus tacú lena leithéid ar an 19 agus 21 Samhain. D'fhreastail 152 mac léinn agus a nascmhúinteoirí ar na cúrsaí oiliúna.

**Obair i gComhpháirt le Tuismitheoirí agus leis an bPobal –** Mar thoradh ar naisc láidre ag leibhéal scoile le tuismitheoirí bhí rannpháirtíocht ghníomhach le Cumainn Tuismitheoirí agus reáchtáladh toghchán oifigiúil oifigeach nua ar Chumainn Tuismitheoirí. Leanadh ar aghaidh le neart úsáide a bhaint as na meáin shóisialta chun cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal scoile uile chun léargas a thabhairt ar thionscnaimh agus ar an obair iontach atá á déanamh i scoileanna.

Tá baint ag go leor dár scoileanna le tionscadail chomhoibritheacha a thugann léargas ar dhea-chleachtas teagaisc agus foghlama le príomhpháirtithe leasmhara eile. Leagadh béim ar leith ar naisc Bhreisoideachais agus Ardoideachais:

**Naisc Bhreisoideachais agus Ardoideachais** - Thacaigh Clár na hIdirbhliana, Gairmchlár na hArdteistiméireachta (GCAT) agus an Ardteistiméireacht Fheidhmeach (ATF) le naisc níos láidre le coláistí breisoideachais agus ardoideachais, agus tugadh cuireadh d'aoichainteoirí ó choláistí seisiúin faisnéise a reáchtáil i scoileanna. Chomh maith leis sin, ghlac scoileanna páirt i Seachtainí Feasachta Coláiste agus i gcuairteanna ar Laethanta Oscailte Coláiste.

Lean **Fóram maidir le DEIS agus FET,** a raibh ionadaithe ó scoileanna DEIS agus Seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna páirteach ann, lena chuid oibre agus é mar aidhm aige tacú le haistriú agus le dul chun cinn mac léinn iar-bhunscoile ionas gur féidir leo tairbhe a bhaint as breisoideachas agus oiliúint. Mar chuid den chomhoibriú seo d'fhreastail ár dtreoirchomhairleoirí scoile ar agus ghlac siad páirt i dTaispeántas Roghanna Breisoideachais agus Oiliúna. D'eagraigh Coláiste Tyndall a Aonach Gairme féin agus ghlac 35 taispeántóir ó choláiste BO agus AO páirt ann, chun aird a tharraingt ar phrintíseachtaí agus ar ghairmeacha ceirde sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha, agus bhronn Clár Rochtana Choláiste na Tríonóide gradam ar Choláiste Aindriú as a chuid iarrachtaí aird a tharraingt ar na deiseanna tríú leibhéal éagsúla atá ar fáil do mhic léinn.

Bhí teagasc, foghlaim agus measúnú ag croílár ár scoileanna i gcónaí agus tá siad fós ag croílár ár gcuid oibre. Is iad na rudaí sin a spreagann muid chun dul chun cinn a dhéanamh, a chuireann ar ár gcumas cur ar bhealach dearfach leis an domhan mórthimpeall orainn agus tionchar dearfach a imirt ar an tsochaí.

Tabhair cuairt ar www.kcetb.ie chun rochtain a fháil ar thuilleadh faisnéise maidir lenár n-iar-bhunscoileanna.




# An Stiúrthóireacht Breisoideachais agus Oiliúna

Soláthraíonn BOOCCC raon leathan clár Breisoideachais agus Oiliúna (FET), ar ardchaighdeán agus éagsúil, ina Ionaid FET i gCill Chainnigh agus i gCeatharlach. Tá 22 clár aonair á maoiniú trí SOLAS, agus tá tionscnaimh agus seirbhísí eile á maoiniú trí RLCMLÓ agus RO.

Tairgeann an tSeirbhís FET cláir lánaimseartha agus pháirtaimseartha atá á gcreidiúnú ag QQI, City and Guilds, CIDESCO, ITEC agus comhlachtaí dámhachtana eile. Is féidir le foghlaimeoirí na cúrsaí agus na cláir ar fad atá ar fáil d'fhoghlaimeoirí a bhrabhsáil ag www.fetchcourses.ie. Bhí *Foghlaim a Chlaochlú,* Straitéis FET 2020 – 2024, mar bhonn le treo Sheirbhís Bhreisoideachais agus Oiliúna BOOCCC i gcomhair 2024. Chuir Comhaontú Feidhmíochta Straitéiseach SOLAS, a d'eascair as an Straitéis FET, tús lena thríú bliain, an bhliain deiridh den straitéis i gcomhair 2024, agus is é seo an dara comhaontú dá leithéid idir SOLAS agus BOOCCC agus tá faireachán á dhéanamh aige ar sholáthar FET i ndáil le roinnt téamaí:

- Tacú le Poist
- Cosáin a Chruthú
- Ionchuimsiú a Chothabháil
- Díriú ar Príomhriachtanais Scileanna
- Uasoiliúint trí Shaolréanna agus Gairmeacha

Tá ionchuimsiú gníomhach agus comhionannas deiseanna do gach foghlaimeoirí ag croílár bhunluachanna FET BOOCCC, mar aon le cosáin inrochtana a sholáthar laistigh de agus ó FET. Tá an tSeirbhís FET ag leanúint ar aghaidh le tús áite a thabhairt do na daoine sin atá scartha ón gcóras oideachais, ó chúrsaí oiliúna agus ón margadh fostaíochta agus oibríonn foireann na Seirbhíse le páirtithe leasmhara áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta chun freagairt don riachtanas seo ar fud Chill Chainnigh agus Cheatharlach.

I rith 2023, mhéadaigh líon na bhfoghlaimeoirí a chuir tús le clár FET le BOOCCC, agus d'fhreastail 16,330 tairbhí ar chúrsa/ar chlár FET. Chuir 8,756 duine tús le clár FET i gCeatharlach agus chuir 7,574 tús le clár FET i gCill Chainnigh agus chinn cohóirt mhóra foghlaimeoirí tairbhe a bhaint as cúrsaí páirtaimseartha.

## Spriocanna Feidhmíochta Straitéiseacha:

Tá an Comhaontú Feidhmíochta Straitéiseach le SOLAS á thomhas trí roinnt spriocanna. Léirítear in anailíse ar fheidhmíocht i gcomhair 2024 go raibh formhór na spriocanna á gcomhlíonadh mar gheall ar mhéaduithe ar líon na bhfoghlaimeoirí a bhí ag freastal ar chúrsaí lánaimseartha agus páirtaimseartha.

Chomh fada is a bhain le soláthar páirtaimseartha, BCTE, reáchtáil Litearthacht do Dhaoine Fásta agus Oideachas Pobail cláir i roinnt ionad i suíomhanna tuaithe agus uirbeacha, agus feabhsaíodh na conairí atá ar fáil d'fhoghlaimeoirí i measc na bhfoghlaimeoirí ar fad. Thug beagnach dhá thrian de rannpháirtithe faoin raon cáilíochtaí cineálacha mar chuid de chláir pháirtaimseartha. Lena chois sin, chabhraigh an fás leanúnach ar rannpháirtíocht i Litearthacht do Dhaoine Fásta agus Oideachas Pobail ar bhealach suntasach chun an Sprioc rannpháirtíochta a leathnú. Chomh maith leis sin, d'fhreastail líon suntasach foghlaimeoirí ar chúrsaí páirtaimseartha a bhí eagraithe go sonrach d'fhostóirí agus do dhaoine fásta fostaithe (Scileanna chun Forbairt a Dhéanamh). Mhéadaigh an soláthar lánaimseartha in 2024 freisin agus mhéadaigh rolluithe an dá Choláiste FET i mí Mheán Fómhair. Chuir 71% de na cláir agus den soláthar atá á rith ag Seirbhísí Oiliúna le riachtanais Príomhscileanna do cheantar Chill Chainnigh agus Cheatharlach.



| Sprioc | | Sprioc *(Líon na bhFoghlaimeoirí)* | Feidhmíocht *(Líon na bhFoghlaimeoirí)* | Éacht | Eile / Tabhair faoi deara |
|---|---|---|---|---|---|
| **Tacú le Poist** | Tacú le Poist | 975 | ***** | | *Níl sonraí ar fáil ó SOLAS* |
| | Scileanna Chun Dul san Iomaíocht | 800 | 868 | 109% | |
| **Cosáin Chruthaitheacha** | Dul Chun Cinn laistigh de FET | 1450 | 1596 | 110% | *Níl sonraí ar fáil ó SOLAS* |
| | Dul chun cinn ó BO go dtí AO | 250 | ****** | | |
| **Uasoiliúint trí Shaol & Gairmeacha** | Foghlaim ar feadh an tSaoil | 4300 | 5785 | 135% | |
| | Scileanna chun Forbairt a Dhéanamh | 625 | 563 | 90% | |
| **Ionchuimsiú a Chothabháil** | Tras-Scileanna | 950 | 1550 | 163% | |
| | Rannpháirtíocht a Leathnú | 850 | 822 | 97% | |
| | Litearthacht Daoine Fásta don Saol | 2000 | 2958 | 148% | |
| **Díriú ar Príomhscileanna** | Príomhriachtanais Scileanna | 1600 | 1137 | 71% | *Arna thomhas bunaithe ar theastas bronnta* |
| | Scileanna Glasa | 3000 | 3000 | 100% | |

# Buaicphointí FET 2024


## Coláiste FET Chill Chainnigh:

: I rith 2024 sealbhaíodh láithreán chun dlús a chur le Coláiste FET na Todhchaí i gCill Chainnigh. Thug an tAire Patrick O'Donovan cuairt ar Chill Chainnigh chun an scéal a fhógairt ar an Máirt, an 22 Deireadh Fómhair. Chomh maith leis sin, d'fhógair sé go bhféadfadh BOOCCC díriú ar chéim réamhthairisceana an Cháis Ghnó / fhorbairt an Choláiste.

**Oibreacha Caipitil:** Cuireadh roinnt Tionscadal Caipitil i gcrích le tacaíocht ó SOLAS.

- Táthar ag obair ar dhearadh saoráidí nua ag Ionad Eachaíochta an Ghrianáin.
- Cuireadh obair thógála i gcrích ar shíneadh le Céim 2 Aonaid Leictreacha ag Inse an Phuirséalaigh, agus cuireadh 2 cheardlann agus sheomra ranga bhreise ar fáil.
- Táthar ag leanúint ar aghaidh leis na hoibreacha caomhantais i gColáiste FET, Cill Chainnigh agus tá an chéad chéim de na ráillí athchóirithe.
- Cuireadh Cás Gnó chun tacú le forbairt Choláiste FET nua saintógtha i gCill Chainnigh ag tús 2024 agus rinneadh tuilleadh beachtaithe i rith na bliana.
- Sealbhaíodh láithreán do Choláiste FET nua saintógtha i gCill Chainnigh.

Lean líon na **bPrintíseachtaí** ar aghaidh ag fás i rith 2024. In 2024, d'fhreastail na printísigh seo a leanas ar sholáthar a raibh BOOCCC ag tacú leis:



D'eagraigh **Líonra DEIS agus FET** imeacht faisnéise do Threoirchomhairleoirí agus do Phríomhoidí Scoile. Dhírigh an tacar cur i láthair seo ar phrintíseachtaí, cúrsaí oiliúna, cláir IAT agus cláir Chéime nua dóibh siúd a raibh an Ardteistiméireacht á déanamh acu i rith 2024.

**Erasmus:** Bhain printísigh commis chef tairbhe as eispéireas ERASMUS+ in Lyon i rith 2024. Roghnaíodh Lyon mar cheann scríbe de bhrí gurb ionann é agus ceann de mhórionaid ghastranómacha an domhain. Rinneadh staidéar ar ghnéithe de cuisine Lyon, a raibh tionchar aige ar stíl chócaireachta chlasaiceach na Fraince, mar chuid den chlár commis chef. D'éirigh le gach printíseach tairbhe a bhaint as socrúchán oibre i mbialanna Brasserie Bocuse mórthimpeall ar Lyon.

D'éirigh go breá le hiarratas Institiúid Bhreisoideachais agus Oiliúna Cheatharlach chun Stádas Creidiúnaithe a bhaint amach do thionscadail Erasmus+. Cruthaíonn an stádas ilbhliantúil seo deis tairbhe a bhaint as cur chuige straitéiseach maidir le rannpháirtíocht thar thréimhse an chreidiúnaithe, agus comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta leanúnacha a fhorbairt do shoghluaisteacht foghlaimeora agus foirne.

## Seirbhís Tacaíochta Foghlaimeora

Chuir an tSeirbhís Tacaíochta Foghlaimeora suirbhé mapála i gcrích i mí Bealtaine 2024 agus foilsíodh an tuarascáil i mí Mheán Fómhair 2024. Rinneadh cur síos sa tuarascáil ar an soláthar tacaíochta ar fad a bhain leis an soláthar FET ar fad. Beidh na torthaí ón tuarascáil mar bhonn le agus ag treorú obair na Seirbhís Tacaíochta Foghlaimeora sna blianta amach romhainn.


Chomhoibrigh BOOCCC le AONTAS chun Fóram maidir le Guth an Fhoghlaimeora a reáchtáil ar an 11 Márta. D'fhreastail 80 foghlaimeoir as an soláthar FET ar fad i gCeatharlach agus i gCill Chainnigh ar an bhFóram. Líon 195 foghlaimeoir ar fad an suirbhé foghlaimeora tionlacain. Beidh an fhaisnéis a bailíodh ó na foghlaimeoirí agus ón suirbhé mar bhonn leis an tuarascáil maidir le guth an fhoghlaimeora a fhoilseofar i mí na Bealtaine.

I gcomhar le gach ionad FET, bunaíodh Grúpa Comhairleach Tacaíochta Foghlaimeora, agus forbraíodh lámhleabhar foghlaimeora caighdeánach FET. Beidh an leabhrán seo ar fáil do gach foghlaimeoirí FET in 2025/2026.

## Dámhachtainí:

**Dámhachtainí QQI:** Mhéadaigh líon na ndámhachtainí i rith 2024 arís, agus sháraigh siad leibhéil 2023 agus bhí siad cosúil leis na leibhéil réamhphaindéime. Bhronn QQI 4406 dámhachtain ar fad.

- 4,406 Miondámhachtain
- 812 Mórdhámhachtain
- 48 Dámhachtain Sainchuspóra




## Dámhachtainí Neamh-QQI:

Mhéadaigh éagsúlacht na ndámhachtainí ó chomhlachtaí dámhachtana eile (neamh-QQI) i rith 2024 freisin. Cuireadh breis is 1000 dámhachtain ar fáil mar bhreis ar nó mar rogha eile seachas QQI. Bhronn City and Guilds, an Roinn Oideachais agus Scileanna, VTCT, ITEC, CIDESCO, ATI agus Cumann Capall na Breataine dámhachtainí freisin.

## FG agus FCT

Eagraíodh go leor gníomhaíochtaí FG agus FCT i rith 2024 agus reáchtáladh suas le 30 cúrsa forbartha gairmiúla i rith na bliana. Eagraíodh roinnt imeachtaí FGL do bhaill foirne FET lena n-áirítear an tairseach forbartha gairmiúla a rolladh amach, Mykademy, a bhfuil 278 úsáideoir foirne aige faoi láthair. Reáchtáladh imeachtaí FGL ar fhreastail daoine orthu agus imeachtaí ar líne mar aon le cúrsaí lena n-áirítear:

- Oiliúint Foghlama LinkedIn
- Microsoft Teams
- Oiliúint maidir le hIntleacht Shaorga
- Oiliúint CTFC
- Cothaigh
- RGCS
- Tráma Ionadach
- Bainistíocht an tSeomra Ranga
- Cleachtas Athchóiritheach
- Modúil Teagaisc agus Foghlama le SETU

## Forléargas ar Chláir FET

**Leibhéil 1 & 2**

- Litearthacht Daoine Fásta

**Neamhchreidiúnaithe**

- Oideachas Pobail
- Litearthacht Daoine Fásta
- Uaireanta Comhoibrithe FET

**Leibhéil 3 & 4**

- Ógtheagmháil
- Oideachas Pobail
- Litearthacht Daoine Fásta
- Nasc agus Bonnleibhéal
- SDOG
- Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla
- Ionaid Oiliúna Pobail
- BOOÉ

**Leibhéil 5 & 6**

- IAT
- Printíseachtaí
- TFO
- SDOG
- Oiliúint Scileanna Sonracha
- Scileanna chun Forbairt a Dhéanamh

**Tacaíochtaí**

- Treoir agus Faisnéis do Dhaoine Fásta
- Tacaíochtaí d'Fhoghlaimeoirí Aonair
- Dearbhú Cáilíochta
- Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta
- Forbairt Ghairmiúil Leanúnach




**Glúin an Cheoil:** Lean Glúin an Cheoil sa dá chontae le dul chun cinn a dhéanamh trí roinnt taibhithe a eagrú i rith na bliana. Chuir Glúin an Cheoil cláir cheoil ar fáil do bhreis is 12,000 leanbh agus duine óg in 2024 agus ghlac 30% den phobal iomlán daoine faoi 18 mbliana d'aois sna contaetha páirt i gclár Ghlúin an Cheoil.

In 2024–2025 d'eagraigh Glúin an Cheoil Chill Chainnigh ceardlanna ceoil do lapadáin, ceardlanna rithime, ceardlanna drumaí do dhaoine óga, ceardlanna scríofa amhrán agus léirithe fuaime i rith na bliana, agus ghlac an eagraíocht páirt i bhFéile Leabhar Chill Chainnigh, Féile Nollag Chill Chainnigh, Cruinniú na nÓg, Féile Lá Fhéile Pádraig Chill Chainnigh agus d'oibrigh sí i gcomhpháirt le/i gcomhar le Foróige, Na Píobairí Uilleann, Club Píobairí Chill Chainnigh, Seirbhís Leabharlainne Chill Chainnigh agus grúpaí eile nach iad.

Sheol Glúin an Cheoil Cheatharlach MOL Mhuine Bheag, rud a chiallaigh go raibh ar a cumas freastal ar dhaoine i nDeisceart Cheatharlach freisin. Tionscnaíodh an clár Uirlisí Práis/Gaothuirlisí, rud a chuir tús le straitéis uirlise fhadtéarmach agus seoladh an Clár Forbartha Bannaí foirmiúil le ceithre bhanna ghníomhacha. Eagraíodh go leor taibhithe náisiúnta agus cuireadh síneadh leis na taibhithe Idirnáisiúnta trí thuras taibhithe chuig an Spáinn.

## Maoiniú do Sholáthraithe Seirbhíse Óige áitiúla:

In 2024, bhí an Oifig Óige freagrach as riar, rialachas agus maoirseacht maoiniú de bhreis ar €1.4 milliún a cuireadh ar fáil ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ) do sheirbhísí óige áitiúla agus do chlubanna óige deonacha áitiúla trí ocht scéim deontais dhifriúla. (Leithdháileadh Deontais Iomlán BOOCCC i gcomhair 2024: €1,475,872).


Chuaigh an maoiniú seo chun tairbhe thart ar 6754 duine óg i gCill Chainnigh agus i gCeatharlach trí rannpháirtíocht i dtacaíochtaí, cláir agus tionscnaimh oibre óige éagsúla atá á reáchtáil a Seirbhís Óige Réigiúnach Cheatharlach, Seirbhísí Óige Osraí, Tionscadal Óige DRUM Foróige agus clubanna óige deonacha áitiúla.

- Tionscadail DÁDS i gCill Chainnigh agus i gCeatharlach €1,155,430
- Athléimneacht agus Éifeachtacht €16,000
- Ionad Faisnéise na nÓg Chill Chainnigh €55,732
- Scéim Deontais an Chlub Óige Áitiúil €77,710
- Deontas Lánpháirtíochta RLCMLÓ €40,000
- Mionscéim deontais RLCMLÓ €53,000
- Tionscnamh Infhostaitheachta Óige Spriocdhírithe €32,000
- Deontas Sláinte agus Folláine Daoine Óga BOOCCC €39,000
- Deontas Ionchuimsitheachta BOOCCC €7,000



# An Stiúrthóireacht um Thacaíocht & Forbairt Eagraíochta (TFE)

# An Stiúrthóireacht um Thacaíocht & Forbairt Eagraíochta (TFE)




Is é ról na Tacaíochta agus na Forbartha Eagraíochta (TFE) feidhmeanna eagraíochta agus straitéiseacha BOOCCC a bhainistiú, a sheachadadh agus a fhorbairt agus tá a cuid oibre mar bhonn le hoideachas agus le hoiliúint a chur ar fáil inár scoileanna agus ionaid.

San áireamh sa Stiúrthóireacht TFE tá na ranna seo a leanas - Seirbhísí Corparáideacha, Airgeadas, Acmhainní Daonna agus TFC. Tacaíonn an fhoireann Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta (TFE), faoi Stiúrthóir TFE, leis an bpríomhfheidhmeannach chun rialachas corparáideach a sheachadadh agus áirítear ann seirbhísí sna réimsí seo a leanas a bhainistiú.

Chuir TFE le gnóthachtáil spriocanna agus cuspóirí straitéisí BOOCCC agus chun a chinntiú go bhfreastalaíonn gach seirbhís ar na caighdeáin cháilíochta is airde.

Tá an stiúrthóir TFE, mar phríomhoifigeach riosca i gcomhar leis an bpríomhfheidhmeannach, freagrach as bainistíocht riosca, rialachas, comhlíonadh agus rialú inmheánach ar fud na heagraíochta a chomhordú.

Forbraíodh pleananna d'athchumrú Stiúrthóireacht TFE in 2024. Leithdháileadh feidhmeanna Seirbhísí Corparáideacha ar dhá roinn nua: Faisnéis, Teicneolaíocht agus Rialachas (FTR) agus Foirgnimh, Bainistíocht Eastáit agus Soláthar (FBS). Tús curtha le próiseas earcaíochta do phoist shinsearacha chun acmhainn ghairmiúil na gceithre roinn nua a fheabhsú.



Bhí an méid seo a leanas san áireamh san obair a rinne Stiúrthóireacht TFE in 2024:

| | |
|---|---|
| **Bainistíocht Eagraíochta** | • Athchumrú TFE lena n-áirítar dhá roinn nua |
| **Airgeadas** | • Córais airgeadais nua SN agus P2P CRD a fheidhmiú, agus acmhainn feabhsaithe a chur ar fáil do bhainistíocht agus do chomhlíonadh airgeadais ar fud BOOCCC<br>• Cuireadh obair leanúnach i gcrích sna réimsí seo a leanas:<br>– Seirbhísí státchiste<br>– Buiséadú agus leithdháiltí airgeadais do scoileanna agus d'ionaid ar fud BOOCCC<br>– Cuntais Iníoctha<br>– Íocaíochtaí d'fhoghlaimeoirí agus do phrintísigh<br>– Íocaíochtaí taistil agus cothabhála<br>– Tuairisceáin airgeadais roinne agus SOLAS<br>– Tuairisceáin airgeadais roinne eile |
| **Córais Tacaíochta do Scoileanna agus Ionaid** | • Tacaíocht ceannoifige do scoileanna agus d'ionaid sna réimsí seo a leanas - AD, Airgeadas, TFC agus Seirbhísí Corparáideacha |
| **TFC** | • Córais, trealamh agus oiliúint TFC a chur ar fáil chun seirbhísí fíorúla a éascú.<br>• Bonneagar forbartha chun acmhainn TFC uasghrádaithe a chur ar fáil do sheirbhísí fíorúla agus d'obair lasmuigh den láthair oibre<br>• Oiliúint foirne<br>• Buneolas maidir le córas teileafóin nua<br>• Soláthar TF Coiteann Sruthlínithe trí Chatalóga Ceannaigh<br>• Conradh tacaíochta TF lárnach nua do BOO a chur i bhfeidhm<br>• Néalseirbhís bainistíochta priontála nua a chur i bhfeidhm ar fud BOOCCC<br>• Beartais TFC nua curtha chun feidhme<br>• Oiliúint Chibearshlándála don fhoireann ar fad a chur ar fáil<br>• Tástálacha Leochaileachta Fioscaireachta curtha i gcrích laistigh den eagraíocht. |
| **Rialachas Corparáideach** | Rinne an fhoireann TFE maoirseacht ar an méid seo a leanas in 2024:<br>• Rialachas agus an Córas de Rialú Inmheánach<br>• Bainistíocht Riosca<br>• Cláir Rioscaí – Corparáideach, TFE, FET agus Scoileanna<br>• Cláir Iniúchta<br>• Deimhnithe Dearbhaithe<br>• Tuarascáil Chomhlíonta<br>• Seisiúin faisnéise rialachais agus bainistíochta riosca don fhoireann<br>• An Coiste Iniúchta agus Riosca<br>• Coiste Airgeadais<br>• Creat Bainistíochta Beartais<br>• Rannpháirtíocht agus éascú iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha<br>• Athbhreithniú ar mheicníochtaí rialaithe inmheánaigh<br>• Athbhreithniú boird agus coiste<br>• Pleanáil Leanúnachais Ghnó<br>• Comhlíonadh an córas ag gach cruinniú Boird, an Choiste Iniúchta agus Riosca, agus an Choiste Airgeadais |

| | |
|---|---|
| **Cosaint Sonraí agus Saoráil Faisnéise** | • Chuir BOOCCC 8 n-iarratas SF i gcrích in 2024 agus leanadh ar aghaidh le bainistíocht sonraí dea-chleachtais ar fud na heagraíochta |
| **Seirbhísí Caipitil agus Tógála** | • Shealbhaigh BOOCCC láithreán do Choláiste FET Chill Chainnigh<br>• Cuireadh síneadh scoile, lena n-áirítear Aonad agus seomraí ranga RSO i gcrích ag Scoil Aireagail, Baile Héil<br>• I measc an dul chun cinn a rinneadh ar thionscadal Champas Scoileanna Chill Chainnigh bhí tochailtí seandálaíocha. Soláthróidh an tionscadal seo dhá iar-bhunscoil ar láithreán úrnua mar chuid d'fhorbairt Ghleann na Bréagaí.<br>• Tionscadail chóiríochta bhreise agus athsholáthair shuntasach ag Gairmscoil na Buiríse, Gaelcholáiste Cheatharlach, Coláiste an Ghrianáin, agus Coláiste Mhuire, Baile Eoin.<br>• Rinneadh athbhreithniú ar chothabháil agus ar bhainistiú leanúnach réadmhaoine atá faoin úinéireacht agus léasaithe ag BOOCCC chun úsáid éifeachtúil agus éifeachtach cistí poiblí a chinntiú.<br>• Cuireadh cás gnó do shaoráid cheanncheathrún nua i gCeatharlach faoi bhráid na Roinne Oideachais.<br>• Rinneadh athbhreithniú ar thuarascálacha maidir leis an mbail atá ar fhoirgnimh SOLAS agus ar phlean athchóirithe do shaoráidí FET.<br>• Táthar ag leanúint ar aghaidh le monatóireacht a dhéanamh ar Bhainistíocht Fuinnimh.<br>• Cuireadh an Clár Sláinte agus Sábháilteachta chun feidhme i dteannta le comhairligh. |
| **Gníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht** | • Chuir BOOCCC Creat um Ghníomhú ar son na hAeráide faoi bhráid ÚFIÉ i mí Meithimh 2024. |
| **Forbairt Beartais** | • Bunaíodh beartais nua agus feabhsaithe in 2024<br>  – Plean Soláthair 2024<br>  – An Beartas um Bulaíocht san Ionad Oibre a Chosc agus a Réiteach<br>  – Beartas Bainistíochta Taifead |
| **Cumarsáid** | • Suíomh gréasáin dátheangach agus inrochtana a chothabháil don eagraíocht le rannóg nuachta cothrom le dáta.<br>• Cothabháil feidhme preasoifige éifeachtaí in BOOCCC.<br>• Caidreamh réamhghníomhach agus leanúnach leis na meáin maidir le nuacht agus imeachtaí BOOCCC.<br>• Cainéil meán sóisialta agus ardáin FB agus LinkedIn eagraíochta BOOCCC a chothabháil.<br>• Síneadh a chur le comharthaíocht sheachtrach nua i scoileanna agus in ionaid a bhfuil oibleagáidí maidir leis an nGaeilge á comhlíonadh aici.<br>• Féilire imeachtaí leanúnach lena n-áirítear Gradaim Mic Léinn na Bliana; searmanais bronnta céimeanna; imeachtaí d'fhoghlaimeoirí; ceiliúradh do dhaoine atá ag dul ar scor; taispeántais; Imeachtaí Sheachtain Náisiúnta BOO. |

| | |
|---|---|
| **Acmhainní Daonna** | • Tacaíocht do bhaill foirne BOOCCC trí sheimineáir folláine san ionad oibre in 2024.<br>• Oiliúint bainistíochta agus cheannaireachta don fhoireann<br>• Lean an Mheitheal maidir le Dualgas Comhionannais agus Chearta na Duine na hEarnála Poiblí ar aghaidh ag obair ar an Ráiteas Luachanna Comhionannais agus Chearta an Duine, Measúnú agus Plean Feidhmithe.<br>• Cláir folláine foirne leanúnacha<br>• Obair leanúnach sna réimsí seo a leanas:<br>– *earcaíocht, roghnú agus ceapadh gach ball foirne*<br>– *FGL agus clár ionduchtaithe*<br>– *Conarthaí fostaíochta*<br>– *Leithdháiltí agus úsáid foirne*<br>– *Bainistíocht saoire*<br>– *Beartais agus nósanna imeachta pearsanra*<br>– *Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána*<br>– *Pinsin*<br>– *Párolla AD*<br>– *Comhlíonadh AD leanúnach de réir na reachtaíochta agus an dea-chleachtais ábhartha* |
| **Soláthar** | • Plean Soláthair Chorparáidigh BOOCCC 2024 a chur chun feidhme. |
| **Comhoibriú le RO, RBATNE, BOOÉ agus BOOnna eile** | • Comhroinnt leanúnach eolais, beartas agus nósanna imeachta chun dea-chleachtas ar fud na hearnála a éascú |







Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

EUROPEAN UNION
Investing in Your Future
European Social Fund

SOLAS

Uimhir Chláraithe Carthanachta: 20083434